

Tuarascáil Bhliantúil

2019/2020

(28 Márta 2019 – 27 Márta 2020)



Léargas: 28 Márta 2019 – 27 Márta 2020

Líon na múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta



105,933

Rinne **90,630**

a gclárúchán a athnuachan ar líne



Líon uaireanta ar úsáideadh 'Cuardaigh an Clár'

157,010



5,007
Múinteoir

a ghlac páirt i Droichead



Grinnfhiosrúchán ar

34,924

Múinteoir tríd an gcóras ríomh-ghrinnfhiosraithe

www.teachingcouncil.ie

1,976,863
CUAIRTEOIR



28

Ríomhiris



4 taighde seimineár gréasáin

53

Gearán déanta leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Tuarascáil an Chathaoirligh

Seán McMahon

Cathaoirleach na Comhairle
Múinteoireachta



Is mór an onóir dom a bheith tofa i mo Chathaoirleach mar thoradh ar thoghcháin mhí an Mhárta 2020 chun na Comhairle. Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach atá ag dul as oifig, Noelle Moran, Uasal, as ucht a cuid ionchuir den scoth i rith a tréimhse oifige. Táim ag súil go mór le leanúint ar aghaidh leis an obair seo in éineacht le gach comhalta den Chomhairle, agus ag an am céanna fáilte a chur roimh na comhaltaí nua atá tofa. Chomh maith leis sin, cuirim mo bhuíochas in iúl do na comhaltaí atá ag dul as oifig as ucht na díograise agus a dtiomantais agus guím gach rath ar gach duine díobh amach anseo.

Tá treallús curtha faoi agus maoirseacht déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar dhul chun cinn suntasach ar fud raon leathan cuspóirí agus gníomhartha faoinár dtosaíochtaí straitéiseach agus ár ról reachtúil le bliain anuas mar atá mionsonraithe sa tuarascáil níos leithne seo.

Dírítear obair na Comhairle ar ghairm na múinteoireachta, ar chur chun cinn, maoirseacht agus leanúint le dea-chleachtas agus comhroinnt faisnéise, nuálaíochta, foghlama agus léargas ar theagasc agus ar oideachas. Tá sé i gceist go rachaidh sé seo chun leasa do sheasamh fadtéarmach na gairme agus chun leasa na ndaltaí, na mac léinn agus do phobal iomlán na scoile freisin atá i gcoirílár gach ní atáimid ag iarraidh a bhaint amach. Tá na múinteoirí mar ghné lárnach laistigh den chothromóid seo, agus tugaimid aitheantas dá ndíograis agus dá dtiomantas ar feadh na bliana seo caite agus go háirithe le linn éigeandáil náisiúnta reatha Covid-19.

Tá múinteoirí ag cur oideachas ar leanaí na hÉireann ó glúin go glúin, ag cur le comhintleacht agus le dul chun cinn an náisiúin ar bhonn leanúnach agus forbartha. Is é an fócas ríthábhachtach, múnlaiteach agus iomlánaíoch seo laistigh de shaol daoine óga a thacaíonn lena ngnóthachtáil leanúnach agus lena ngnóthachtáil amach anseo, lena n-áirítear, an méid atá á bhaint amach acu agus folláine phearsanta ar feadh foghlama ar feadh an tsaoil agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal agus sa tsochaí.

Le linn aoise a bhfuil brú ag teacht ar an gcóras luachanna domhanda, tá seasmhacht oideachas atá ar ardchaighdeán mar bhunchloch lenar féidir le gach sochaí leanúint ag feidhmiú go rathúil. Leantar ar aghaidh leis na caighdeáin arda múinteoireachta atá againn sa tír seo agus cuirfear na caighdeáin sin chun cinn ar fud na gairme in Éirinn chun tabhairt faoin ról bunúsach, ríthábhachtach sin.

Bhí an Chomhairle, le linn na tréimhse 2019/2020, i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an ngá go gceadódh an tAire rialacháin agus go ndéanfadh sé iad a shannadh faoi Acht 37 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta agus iad a fhoilsiú mar Ionstraim Reachtúil. Cuirfidh na Rialacháin faoi Alt 37 den Acht oibleagáid ar fhostóirí an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur ar an eolas nuair a bhrítear múinteoir as a phost/a post nó má éiríonn múinteoir as i ndiaidh gearán nó próiseas araíonachta ag leibhéal scoile.

Lean an Chomhairle lena chur ina luí ar an Roinn Oideachais agus Scileanna an géarghá atá le hAlt 28 den Acht Oideachais a chur i bhfeidhm. Ach Alt 28 a bheith curtha i bhfeidhm, cinnteoidh sé seo go mbeifear in ann gearáin a d'fhéadfaí a réiteach ag an leibhéal áitiúil ina ndéanfaí iad a phróiseáil laistigh de chreat reachtúil seachas a leithéid de ghearáin a bheith ag teacht go díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

Cuireann múinteoirí, oideachas ar leanaí, ar dhaoine óg agus ar fhoghlaiméirí fásta gach aon lá, agus iad féin rannpháirteach i bhfoghlaim go leanúnach freisin. Tá comhroinnt na taithí agus an léargais léirithe ar go leor bealaí trí (FÉILTE), Féile bhliantúil Oideachais na Comhairle Múinteoireachta don Foghlaim agus don Bharr Feabhais sa Mhúinteoireacht den scoth na Comhairle a bhí ar siúl in Ollscoil na hÉireann Gaillimh (NUI) i mí Deireadh Fómhair 2019. Áiríodh san imeacht seo, a fhreastail os cionn 700 múinteoir air, go leor cur i láthair, díospóireacht, taispeántais agus ceardlanna arbh ionann iad agus teistiméireacht don mhéid atá ag tarlú sa mhúinteoireacht agus san foghlaim ar fud na tíre. Léiríodh go leor tionscnaimh tábhachtacha leanúnacha áit a bhfuil múinteoirí ag cur treallús faoi mhóiminteam laistigh de agus óna bpobail scoile. Tarlaíonn sé seo ar bhonn rialta laistigh de chomhthéacs an chomhoibrithe le scoileanna/múinteoirí eile agus ar bhonn inscálaithe go minic le hacmhainneacht réigiúnach agus náisiúnta.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta meáite ar thacú le dul chun cinn agus le folláine pobail scoile ar fud na hÉireann atá fuinniúil. Trí phróiseas BEACONS (Oideachas Gníomhach a dhéanamh dár bPobail ar Scála Náisiúnta), táimid rannpháirteach agus ag spreagadh grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara ar bhealaí nua le níos mó comhráite agus comhráite níos fearr a éascú idir múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí ag leibhéal pobail áitiúil. Tá sé mar aidhm le BEACONS rannpháirtíocht a fheabhsú idir pobail áitiúla agus próisis chomhairleacha náisiúnta ar shaincheisteanna maidir leis an leas agus an tábhacht choiteann. Maidir leis sin, tá ríméad orm a thabhairt le fios go raibh BEACONS ar cheann de 18 tionscadal a fuair aitheantas trí thionscnaimh Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí sa bhliain 2019, faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Táim ag tnúth go mór, i gcomhar leis an gComhairle, le tuilleadh dul chun cinn agus le cion breise ón bpróiseas seo sna blianta atá romhainn.

Tá greim ag paindéim Covid-19 ar an tír. Chruthaigh dúnadh éigeandála scoileanna an 12 Márta 2020 neamhchinnteacht agus imní ollmhór ó thaobh na gairme agus na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear, tuismitheoirí, teaghlaigh agus níos suntasaí, daltaí agus mic léinn. Go bunúsach tá taithí na scoile tábhachtach mar ghné de shaol agus de mhaireachtáil in Éirinn a bhfuil meas as cuimse air. Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mhúinteoirí ar fud na tíre as an mbealach ar thug siad faoi dhúshlán nach bhfacthas a leithéid sa tír seo riamh cheana. Is mian linn aitheantas a thabhairt go háirithe dá gcion ó thaobh athoscailt na scoileanna i bhfianaise tionchair leanúnacha na paidéime a chur isteach an oiread sin ar chúrsaí.

Is mór ag an gComhairle Mhúinteoireachta an t-idirghníomhaíocht le múinteoirí agus leis na páirtithe leasmhara go léir san oideachas. Fáiltímid roimh rannpháirtíocht inár gcuid imeachtaí i gcomhar le hidirphlé agus le díospóireacht. Ó tháinig Covid-19 chun cinn leanadh le méid suntasach gníomhaíochta ar líne agus is mian linn aitheantas do na leibhéil rannpháirtíochta iontacha, agus tá creidiúint mhór ag dul don uile dhuine atá i gceist.

Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, is mian liom buíochas a ghlacadh leis na múinteoirí as a dtiomantas agus as a ngairmiúlacht le linn na tréimhse seo atá thar a bheith deacair. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Comhaltaí, le Stiúrthóir, le Bainistíocht agus le Foireann na Comhairle as a dtiomantas agus cúnaimh atá á thabhairt acu. Guím sláinte mhaith ar an uile dhuine agus muid ag dul trína tréimhsí dúshlánacha seo ó thaobh na paidéime. Ag cur lena bhfuil bainte amach go dtí seo, táimid go léir ag tnúth le dul chun cinn agus rathúlacht amach anseo le dóchas arís san am atá romhainn.



Seán McMahon
Cathaoirleach

Tuarascáil an Stiúrthóra

Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir na Comhairle
Múinteoireachta



Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta don tréimhse 2019-2020 a léiríonn an dul chun cinn sa bhreis atá déanta i sainchúram na Comhairle mar an comhlacht reachtúil chun na caighdeáin ghairmiúla sa teagasc a chur chun cinn agus a rialáil, go príomha leis an gcur i bhfeidhm leanúnach dár bplean straitéiseach 2018-2020.

Tá ról thar a bheith speisialta agus tábhachtach á chomhlánú ag múinteoirí inár sochaí, ag cothú intleacht agus acmhainneacht ár ndaoine óga, agus ar an mbealach sin ag cur treallús faoi uaimhianta na tíre, trí iarrachtaí agus gnóthachtálacha daonra atá sár-oilte go bunúsach. Is é ról na Comhairle tacú leis an gcion ríthábhachtach seo trí rannpháirtíocht réamhghníomhach agus comhairliúchán leanúnach le gairm na múinteoireachta agus leis na páirtithe leasmhara sa chóras oideachais.

Chuir Comhairle a athbhunaíodh le gairid tús lena dtéarma i mí Aibreán 2020, tar éis toghchán chomhaltaí na múinteoirí. I mí an Mheithimh 2020, toghadh Seán McMahon mar Chathaoirleach agus Noelle Moran mar Leaschathaoirleach. Táim ag tnúth go mór oibriú le Seán McMahon agus le Noelle Moran agus le comhaltaí go léir na Comhairle chun tuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar obair na Comhairle le linn a dtréimhse oifige reatha agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí na Comhairle atá ag dul as oifig.

Rinne an Chomhairle seachadadh, le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, ar chlár leathan oibríochtaí, gníomhaíochtaí agus tionscnaimh ag teacht leis na príomhspriocanna straitéiseacha ar fud Oideachas Múinteoirí, Soláthar Múinteoirí, Cleachtas Gairmiúil, Oideachas Tosaigh Múinteoirí, Feidhmiúlacht chun Múineadh, Rialachas Corparáideach agus Cumarsáid. Amhail an 27 Márta, 2020, bhí 105,933 múinteoir ar an iomlán cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear, 5,538 cláraí nua agus 2,900 céimí, a bhí ag teacht le hionchais, lena n-áirítear, cláraithe a raibh athnuachan déanta acu.

Táimid ag leanúint ar aghaidh, ar fud na gclár rannpháirtíochta go léir leis an ngairm, le sruthlíniú a dhéanamh ar phróisis ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht ar fud seachadadh seirbhíse go léir, lena n-áirítear, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as córais ar líne agus as teicneolaíocht dhigiteach. Áirítear leis seo, sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais grinnfhiosrúcháin do mhúinteoirí ar chlárúcháin tosaigh, athnuachan clárúcháin agus críocho fostaíochta.

Mar go raibh grinnfhiosrúcháin tugtha chun críche ag líon suntasach múinteoirí cláraithe ar dtús agus úsáid á bhaint acu as an leagan amach ar pháipéar idir 2006 agus 2016, rinneamar seirbhísí a fhorbairt i gcomhar le hAonad Náisiúnta Grinnfhiosraithe an Gharda Síochána chun ríomh-ghrinnfhiosrúcháin a sholáthar agus tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil sé seo mar chomhchaighdeán anois do na múinteoirí cláraithe go léir, a chuireann le héifeachtúlacht bhreise sa phróiseas seo.

Leanadh le Tionscadal Athsholáthair ar Bhunachair Sonraí Clárúcháin na Comhairle ar feadh na bliana tuairiscithe 2019/2020. Déanfar athsholáthar ar an gcóras bunachair sonraí clárúcháin reatha agus cuirfear córas uasghrádaithe nua in áit go luath sa bhliain 2021 a chiallóidh go gcuirfear tuilleadh feabhais ar phróisis chlárúcháin, lena n-áirítear, iad a bheith níos áisiúla do mhúinteoirí. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag cur béim láidir ar sheachadadh seirbhíse ar líne ar fud ár ngníomhaíochtaí go léir.

Tá freagracht reachtúil ar an gComhairle maidir le cothabháil agus feabhas a chur ar chaighdeán na múinteoireachta in Éirinn trí ardchaighdeán sa ghairm a chur chun cinn agus a chinntiú, lena n-áirítear, an Clár Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a chur chun cinn agus na gearáin a fhaightear a fhiosrú. Fuarthas, ón tréimhse Márta 2019 – Márta 2020, 53 gearán agus bhreithnigh Coiste Imscrúdaithe/Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle iad. Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta rannpháirteach go gníomhach freisin leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir lena feidhmeanna reachtúla, lena n-áirítear, údaráis reachtúla eile.

Leanamar lenár gcuid oibre ó thaobh athbheithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar na cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí, lena n-áirítear, comhairliúcháin leathan le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe. Tá an ceathrú bliain den chéim fáis curtha isteach ag Droichead, creat ionductúcháin comhtháite na Comhairle do mhúinteoirí nuacháilithe, agus chuireamar, le linn na tréimhse sin, sraith eile dár bpróiseas athbheithnithe um Dhearbhu Cáilíochta i bhfeidhm. Chuir sé sin aiseolas dearfach ar fáil maidir le héifeachtúlacht agus leanúnachas próiseas Droichead agus don chreat tacaíochta a sholáthraíonn sé do mhúinteoirí nuacháilithe agus dá gcuid scoileanna araon.

Leanann an Chomhairle, trí oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara, ag tabhairt tacaíochta do thionscnaimh chun cur leis an soláthar múinteoirí d'earnálacha na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna. Faoin bPlean Gníomhaíochta Soláthar Múinteoirí, tá ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle ar an nGrúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí, ar an nGrúpa Forfheidhmithe agus ar ghrúpa oibre atá bunaithe, lena n-áirítear, Sonraí, Ardoideachais agus Cumarsáid.

Leanamar le tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscnaimh atá deartha chun tacú leis an ngairm trí thaighde agus comhroinnt faisnéise. Áirítear orthu sin, sraith taighde CROÍ (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach) na Comhairle, Creat Taighde John Coolahan agus coimisiúnú taighde faoi thionscadal DEEPEN (Droichead: Peirspictíochtaí, Eispéiris agus Insintí a Mhealladh agus a Insint). Tá DEEPEN deartha chun léargas breise a fháil ar thaithe múinteoirí laistigh de chreat ionductúcháin ghairmiúil Droichead. Chuireamar tús freisin le cleachtadh scóipe do thionscadal taighde fadama beartaithe maidir le turas gairmiúil múinteoirí le 10 mbliana anuas.

I gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus leis an Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha, déanann an Chomhairle cómhaoiniú air agus tá ionadaíocht á dhéanamh ar an gComhairle ar Choiste Stiúrtha Malartú Taighde Múinteoirí (T-REX) áit a gcomhroinneann an malartú ar líne seo an léargas is deireanaí ó thaighde i gcleachtas múinteoireachta. Cuirtear leis na tionscnaimh seo trínár ríomhírísí taighde rialta agus trí acmhainní leabharlainne ar líne. Tá na cláir taighde dá gcur chun cinn i gcomhar le Grúpa Rannpháirtíochta na Comhairle, lena n-áirítear, múinteoirí cláraithe agus daoine eile le spéis i dtaithe taighde i réimsí na múinteoireachta, na foghlama agus an mheasúnuithe.

Clúdaítear níos mionsonraithe na gníomhaíochtaí atá luaite agam, agus gach gné eile dár gcuid oibre sna leathanaigh seo a leanas dár dtuarascáil. De réir mar a thugamar an tréimhse atá faoi bhreithniú chun críche, bhí an tír faoi réir ag paindéim dhomhanda nach bhfacthas a leithéid riamh, agus bhí tionchar dhíobhálacha le brath ar fud gach earnáil den tsochaí agus den gheilleagar agus bhí tionchar ar leith aige ar sheachadadh oideachais agus ar ról riachtanach na múinteoirí inár gcuid pobal agus bhí tionchar go háirithe ag cúrsaí paindéime ar dhaoine óga.

Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt do mhúinteoirí agus do bhainistíocht scoileanna as an bhfreagra as cuimse ó thaobh na géarchéime, an uair sin agus i láthair na huaire agus don uile dhuine a thug faoin dúshlán neamhghnách seo ar fud na hÉireann. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach, leis an Leas-Chathaoirleach agus leis an fhoireann bainistíochta as a dtiomantas fial flaithiúil agus an cion atá á chur acu agus a dtacaíocht agus a spreagadh maidir le hobair thábhachtach na Comhairle.

Leanfaimid orainn le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ag teacht lenár dtéarmaí tagartha, sé sin, tacú le barr feabhais i ngairm na múinteoireachta in Éirinn chomh maith agus is féidir linn, inniu, amárach agus amach anseo.



Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

Clár

| | |
|---|----|
| 1. Eolas maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta | 9 |
| 2. Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach | 10 |
| 3. An Clár Múinteoirí | 16 |
| 4. Feabhas a chur ar chaighdeán a bhaineann le hiompar agus le cleachtadh gairmiúil | 19 |
| 5. Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Ionduchtú | 25 |
| 6. Múinteoireacht, Foghlaim agus Taighde | 28 |
| 7. An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn | 32 |
| 8. Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil | 36 |

Aguisíní

| | | |
|-----------|--|----|
| Aguisín 1 | Ráitis Airgeadais | 40 |
| Aguisín 2 | Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta | 61 |
| Aguisín 3 | Coistí agus painéil | 62 |
| Aguisín 4 | Costais chomhaltaí na Comhairle 2019 | 68 |

1 Eolas maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta, a dhéanann caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialáil. Feidhmíonn an Chomhairle ar mhaithe le leas an phobail agus ag an am céanna tacaíonn sí le caighdeáin na múinteoireachta agus cuireann sí leo.

Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta

Tá 37 comhalta ar an gComhairle agus tá 16 chomhalta díobh seo ina múinteoirí cláraithe a thoghann na múinteoirí. Cuimsíonn an Comhaltas:


- > 11 mhúinteoir bunscoile, naonúr acu atá tofa agus beirt acu atá ainmnithe ag ceardchumann múinteoirí
- > 11 mhúinteoir iar-bhunscoile, seachtar acu atá tofa agus ceathrar acu atá ainmnithe ag ceardchumann na múinteoirí
- > beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- > beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- > ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iarbhunscoile)
- > beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal bunscoile agus duine amháin ag leibhéal iarbhunscoile) agus
- > cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear, duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chónaidhm Ghnólaachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

De réir Rialacháin Toghcháin, cheap an Chomhairle an tUasal Brendan O’Dea chun a bheith mar cheann comhairimh Toghchánaíochta 2020 ag cruinniú na Comhairle an 1 Iúil 2019. Thionóil an Chomhairle Mhúinteoireachta toghchán chun comhaltaí múinteoirí a thoghadh ar an gComhairle i Márta 2020. Tá 16 post ar an gComhairle do chomhaltaí tofa na múinteoirí. Déantar cinneadh de réir Achtanna na Comhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 go dtagann naonúr ó chatagóir na bunscoile agus seachtar ón gcatagóir iar-bhunscoile. Tugadh faoin toghchán agus úsáid á bhaint as an gcóras vótála ar líne. Is í seo an dara huair ar baineadh úsáid as an vótáil ar líne agus mar a chéile le Toghchán 2016, bhí an córas éifeachtach agus éifeachtúil. Bhí an bhallóid ar líne oscailte ón 24 Feabhra 2020 go 11 Márta 2020 do mhúinteoirí cláraithe lena gcuid vótaí a chaitheamh. Ba 90,797 líon iomlán na dtoghthóirí sna toghcheantair a bhí san iomaíocht agus vótáil 18,000 acu sin.

Toghadh na hainmnithe nua i Márta 2020 agus cuireadh na hainmníocháin faoi bhráid an Aire Oideachas agus Scileanna lena gceapadh ar an gComhairle. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le comhaltas na Comhairle Múinteoireachta a fháil in Agusín 2.

An fhoireann ardbhainistíochta

Fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta tacaíocht lena cuid oibre le linn na bliana ó fhoireann feidhmiúcháin de 54 comhalta foirne.



* Bhí Brendan O’Dea sa phost seo go dtí gur toghadh Phil Fox mar Leas-Stiúrthóir i mí Iúil 2019.

** Ceapadh Catherine Marsh mar Cheann Cumarsáide, Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha i mí Feabhra 2020.

*** Bhíodh Phil Fox sa phost seo. Ceapadh Siobhán Healy mar Cheann Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Ionduchtú i mí Meán Fómhair 2019

2 Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

Plean Straitéiseach 2018-2020

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta dul chun cinn suntasach le linn na bliana tuairiscithe ar fhorbairt spriocanna Phlean Straitéiseach 2018 – 2020.

Is iad na seacht sprioc straitéiseacha do 2018-2020:

1

Comhdhlúthú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i leith leanúntas de réir a chéile ar Oideachas Múinteoirí agus é sin a chur in iúl

- > Bhain Droichead, creat ionductúcháin comhtháite na Comhairle do mhúinteoirí nuacháilithe, an ceathrú bliain dá chéim fáis amach le linn na bliana tuairiscithe. Lean an Chomhairle lena bheith rannpháirteach go gníomhach sa Chlár Náisiúnta Ionductaithe do Mhúinteoirí (CNIM) agus iad ag tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí atá ag tabhairt faoi phróiseas Droichead agus oiliúint Foirne Tacaíochta Gairmiúla laistigh de scoileanna.
- > Bhí imeacht do pháirtithe leasmhara ar siúl i Meán Fómhair 2019 mar chuid de thionscadal DEEPEN (Droichead: Peirspectíochtaí, Eispéiris agus Insintí a Mhealladh agus a Insint. Leanadh le hobair le linn na bliana tuairiscithe ar ionstraimí suirbhé a fhorbairt, agus rinneadh píolótú orthu seo i mí Feabhra 2020.
- > Leanadh leis an obair do thionscadal taighde fadama a phleanáil a dhéanann Iníúchadh ar Thuras Gairmiúil Múinteoirí in Éirinn. Mar chuid den phróiseas, tugadh cleachtadh taighde tosaigh margaíochta chun críche i mí na Bealtaine 2019.
- > D'oibrigh an Chomhairle go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun imeacht a eagrú do sheirbhísí tacaíochta atá dírithe ar éascú a dhéanamh ar ailíniú le cláir oibre seirbhísí tacaíochta agus Cosán, an creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí.
- > Rinne foireann na Comhairle éascú ar dheich gcinn de cheardlanna in Ionaid Oideachais le linn na bliana tuairiscithe. Bhí clár forbartha gairmiúil ar siúl ansin i mí Deireadh Fómhair 2019 chun tacú le 12 múinteoir atá ag cleachtadh chun ceardlanna breise Cosán a éascú do scoileanna in Ionad Oideachais. Rinneadh na ceardlanna seo a fhorbairt i gcomhar le hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI) agus rinneadh 12 de na ceardlanna sin a éascú i sé cinn d'Ionaid Oideachais.
- > D'oibrigh an Chomhairle le líon páirtithe leasmhara chun tacú le Cosán a neadú sna deiseanna foghlama atá an cheana féin.

2

Oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara le samhail agus próiseas a chomhaontú lena chinntiú go mbeidh soláthar múinteoirí ag teacht leis an éileamh ar mhúinteoirí

- › Tá ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle ar an nGrúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí, ar an nGrúpa Forfheidhmithe agus ar thrí cinn de na ceithre ghrúpa oibre atá bunaithe, eadhon, na Grúpaí Oibre Sonraí, Ardoideachais agus Cumarsáide.
- › Thug an Grúpa Oibre Cumarsáide, atá faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra, faoi chomhairliúchán le múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí, tuismitheoirí, príomhoidí agus páirtithe leasmhara náisiúnta ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Soláthar Múinteoirí. Táthar ag leanúint le hullmhúcháin do chéad bhabhta eile de ghrúpaí fócais.
- › D'oibrigh an Chomhairle leis na hoifigí gairmeacha in Institiúidí Ardoideachais (IAOanna) ar fud na tíre agus i dTuaisceart Éireann agus freastalaíodh ar 37 imeacht, lena n-áirítear, aontaí earcaíochta múinteoirí, laethanta oscailte, aontaí gairme agus cur i láthair chun conairí don mhúinteoireacht a chur chun cinn. Cuireadh béim ar Déanann Múinteoireacht Athrú na Roinne Oideachais agus Scileanna ag gach aon cheann de na himeachtaí seo.
- › Chas an Chomhairle agus an Roinn Oideachais agus Scileanna le heagraíochtaí treoracha chun bealaí níos fearr a lorg chun conairí chun na múinteoireachta a lorg. Áiríodh ar na heagraíochtaí sin, Cumann Seirbhísí Gairmeacha Ardoideachais (AHECS), an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) agus Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC).
- › Mar chuid den Ghrúpa Oibre Sonraí, d'oibrigh an Chomhairle i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun ullmhú don Tuarascáil Theicniúil: Éileamh agus Soláthar Múinteoirí in Éirinn 2020 – 2036. Soláthraíonn an tuarascáil seo, a foilsíodh i mí na Samhna 2019, an bonn do thuilleadh forbartha i dtreo forbairt a dhéanamh ar shamhail inbhuanaithe agus solúbtha maidir le héileamh agus soláthar múinteoirí a bhainistiú.
- › Ag teacht le Gníomh 12 den Plean Gníomhaíochta Soláthar Múinteoirí (2018), bhí an tÚdarás um Ardoideachais (HEA) rannpháirteach le soláthróirí cláir OTM maidir le cláir OTM breise iar-bhunscoile comhthráthacha 4 bliana a sholáthar in 2019/20 a cháilíonn múinteoirí in dhá réimse ábhair, lena n-áirítear ábhair spriocdhírthe. Cheap an Chomhairle agus thionóil painéil athbhreithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar ocht gcinn de chlár comhthráthacha iar-bhunscoile sna réimsí ábhar spriocdhírthe seo sa tréimhse tuairiscithe.
- › Tionóladh an Grúpa Oibre Socrúcháin Scoile (SPWG) i mí na Samhna 2018 chun athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte agus ar mholtaí maidir le socrúcháin scoile agus an taighde a bhí coimisiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le socrúchán scoile. Tháinig an grúpa le chéile ceithre huair le linn na bliana tuairiscithe agus thug a thuairisc ar an bplean gníomhaíochta chun críche i mí na Nollag 2019. Bhreithnigh an Chomhairle an tuarascáil i mí na Nollag agus chuir an tuarascáil faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna lena breithniú.

3

Tacú le múinteoirí chun feabhas a chur ar a gcleachtas gairmiúil trí chreataí foghlama gairmiúla a dhéanann éascú ar chultúr comhfhoghlama

- TD'oibrigh an Chomhairle go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun imeacht a eagrú do sheirbhísí tacaíochta atá dírithe ar éascú a dhéanamh ar chlár oibre seirbhísí tacaíochta a ailíniú le Cosán, an creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí.
- Rinne foireann na Comhairle éascú ar dheich gcinn de cheardlanna in Ionaid Oideachais le linn na bliana tuairiscithe. Tionóladh clár forbartha gairmiúil i mí Deireadh Fómhair 2019 chun tacú le múinteoirí atá ag cleachtadh chun Ceardlanna breise Cosán in Ionaid Oideachais a éascú. Rinneadh na ceardlanna seo a fhorbairt i gcomhar le hIonaid Tacaíochta Oideachas Éireann (ESCI) agus rinneadh éascú ar 12 de na ceardlanna seo i sé cinn d'Ionaid Oideachais.
- D'oibrigh an Chomhairle le líon páirtithe leasmhara chun tacú leo le Cosán a neadú sna deiseanna foghlama atá ann faoi láthair.
- Creat Tacaíochta Taighde i mí na Bealtaine 2019. Fuarthas thart ar 37 iarratas agus rinne an painéal athbhreithnithe atá ceaptha breithniú orthu. Bhí imeacht bronnta ar siúl i mí na Nollag 2019 agus fuair 24 tionscadal lena raibh baint ag 87 taighdeoir maoiniú. Cuirtear béim sa chreat ar chomhoibriú agus ar fhoghlaim comhroinnte agus bhí comhoibriú idir beirt mhúinteoir nó níos mó nó idir múinteoirí agus lucht taighde oideachais eile i gceist le 16 de na hiarratasóirí rathúla.

4

Leanúint ar aghaidh le hiontráil sa ghairm a chosaint trína hardchaighdeán don oideachas tosaigh múinteoirí, chomh maith le próiseas athbhreithnithe agus cláraithe atá éifeachtúil

- Bhí soláthar méadaithe do phróisis ar líne do mhúinteoirí mar thoradh ar athbhreithniú leanúnach ar phróisis clárúcháin. Áiríodh anseo, tabhairt isteach doiciméid lena gcur faoi bhráid ar ríomhphost maidir le clárúcháin le coinníollacha agus le hathnuachan clárúcháin.
- Cuireadh tús le príomhshruthú ar an athghrinnfhiosrúchán i mí Eanáir 2020. Cinntoidh sé seo go ndéanfar athghrinnfhiosrúchán ar na múinteoirí cláraithe go léir de réir timthriall trí bliana.
- Rinneadh athbhreithniú ar Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta agus cuireadh tús leis an athdhréachtú sula seolfar amach le haghaidh comhairliúcháin iad.
- Leanadh le hathbhreithniú ar chaighdeán na Comhairle do chlár OTM. Ag leanúint ar aghaidh ó Chéim 1 agus 2 den phróiseas athbhreithnithe a tugadh chun críche in 2018 agus 2019, rinneadh caighdeán leasaithe a dhreachtú don OTM, ag baint úsáide as an aiseolas a fuarthas le linn na gcéimeanna sin, as litríocht ábhartha, as straitéis agus as doiciméid beartais. Cuireadh tús le próiseas cuimsitheach comhairliúcháin i mí Meán Fómhair 2019, agus tugadh cuireadh do na príomhpháirtithe leasmhara agus do na comhpháirtithe aiseolas a phlé agus a thabhairt le linn na céime comhairliúcháin maidir leis na dréachtleaganacha de dhoiciméad "Céim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí". Reáchtáladh sraith de 12 seisiún comhairliúcháin idir míonna Meán Fómhair 2019 agus Feabhra 2020.
- Tar éis próiseas comhairliúcháin leathan agus cuimsitheach a bhí ar siúl idir mí an Mheithimh 2018 agus Aibreán 2019, tugadh athbhreithniú na Comhairle ar Riachtanais d'Ábhar Curaclaim ag leibhéal Iar-bhunscoile chun críche le linn na bliana tuairiscithe. Cheadaigh an Chomhairle sraith leasaithe de riachtanais d'ábhar curaclaim iar-bhunscoile, lena n-áirítear, riachtanais d'ábhair churaclaim nua ó thaobh na Ríomheolaíochta agus na Polaitíochta agus an tSochaí, i mí Deireadh Fómhair 2019 agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ina dhiaidh sin le tuairimí meáite a fháil.

5

A chinntiú go bhfuil an cur i bhfeidhm maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh láidir, cothrom agus trédhearcach do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne

- Rinneadh na 53 gearán a fuarthas maidir le múinteoirí cláraithe a phróiseáil ag teacht le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe na Comhairle agus, agus sa chás gur cuí le Rialacha agus Nós Imeachta an Choiste Araíonachta atá leagtha síos in Ionstraim Reachtúil. Maidir leis sin, lean rannóg na gCaighdeán Gairmiúil le hathbhreithniú agus beachtú a dhéanamh ar phróisis an Choiste Imscrúdaithe agus an Choiste Araíonachta le linn na bliana tuairiscithe.
- Lean an Chomhairle lena rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileann agus luath-fheidhmiú nósanna imeachta á lorg acu faoi Alt 28 den Acht Oideachais 1998, chun foráil a dhéanamh do nós imeachta reachtúil maidir le casaid do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí ag leibhéal scoile.
- Leanadh le rannpháirtíocht leis an Roinn freisin maidir le ceadú an Aire do rialacháin, de bhun Alt 37 den Acht. Cuirfidh rialacháin den sórt sin oibleagáid reachtúil ar fhostóirí an Chomhairle a chur ar an eolas má bhristear múinteoir cláraithe as a bpost nó má éiríonn múinteoir as mar gheall ar ábhar a bhaineann le gníomh araíonachta.
- Chosain an Chomhairle go rathúil achomharc a thug múinteoir os comhair na Cúirte Achomhairc. Bhain an t-achomharc le cinneadh na hArd-Chúirte go raibh an Chomhairle i dteideal fógra a thabhairt don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin maidir le húdar imní bona fide go bhféadfadh múinteoir, a bhí mar ábhar don fhiosrúcháin, díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine leochaileach.
- Bhí dréacht Threoirlínte maidir leis na Meáin Shóisialta ullmhaithe lena cheadú ag an gComhairle tar éis próiseas leathan comhairliúcháin.



6

Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear, folláine, agus cur le feasacht ar obair na Comhairle trí chumarsáid nuálach agus inrochtana

- Bhí FÉILTE 2019 ar siúl an 27 agus 28 Meán Fómhair in Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus d'fhreastail os cionn 750 agus rinneadh ionadaíocht ar 22 tír agus féachadh ar an imeacht 1,895 uair trí bheoshruathú.
- Freastalaíodh ar thart ar 37 imeacht chun conairí chun na múinteoireachta a chur chun cinn. Áiríodh orthu sin, aontaí earcaíochta múinteoirí, laethanta oscailte, aontaí gairme agus cur i láthair a dhírigh ar lucht féachana a bhí éagsúil.
- Eisíodh 28 ríomhíris, lena n-áirítear, dhá fhíseán ríomhírise agus rinneadh óstáil ar chúig sheimineár gréasáin
- Tháinig ardú os cionn 3,059 go hiomlán de 30,600 ar an lucht leanúna ar Twitter.
- Tháinig ardú os cionn 1,149 go 7,458 ar an lucht leanúna ar Facebook.
- Mar chuid de chlár CROÍ (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach) na Comhairle rinneadh óstáil ar cheithre sheimineár gréasáin, agus bhí comhoibriú san áireamh le roinnt acu sin:
 - Aibreán 2019: Leasú an Churaclaim i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)
 - Bealtaine 2019: Seimineár gréasáin ar Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan
 - Deireadh Fómhair 2019: An Teicneolaíocht Dhigiteach inár Scoileanna i gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)
 - Samhain 2019: Peirspictíochtaí ar Mheasúnú a fhiosrú leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).
- Chuir an Chomhairle sé ríomhíris taighde ar fáil a clúdaigh réimsí ar nós Curaclam, an Teicneolaíocht Dhigiteach, Measúnú, Ionchuimsiú agus Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan agus eagrán speisialta de ríomhíris chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Domhanda um Leabhair.
- Bunaíodh an próiseas BEACONS a sheasann d'Oideachas Gníomhach a dhéanamh dár bPobal ar Scála Náisiúnta go luath sa bhliain 2019. Tugann an próiseas nuálach seo maidir le comhráite éascaithe, ag leibhéal pobail, na guthanna go léir le chéile chun tacú le níos mó comhráite agus le comhráite níos fearr idir páirtithe leasmhara san oideachas. Cumasaíonn imeachtaí daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí agus páirtithe leasmhara eile a bheith rannpháirteach i gcomhráite gearra maidir le hábhair atá tábhachtach dóibh. Bhí sé imeacht ar an iomlán ar siúl i bpobail in:

| | |
|--|----------------------------|
| Inis Díomáin, Co. an Chláir | - Bealtaine & Samhain 2019 |
| Bealach Conglais, Co. Chill Mhantáin | - Samhain 2019 |
| Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, Baile Átha Cliath | - Samhain 2019 |
| Lá Foghlama Comhroinnte, Oifigí na Comhairle Múinteoireachta | - Nollaig 2019 |
| Inis, Co. an Chláir (Fócas ar Oideachas Ionchuimsitheach) | - Feabhra 2020 |

7

A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear, ó fhoinsí eile chun tacú le bealaí éifeachtúla le hobair a dhéanamh, rialachas corparáideach a chomhlíonadh agus le polasaithe éifeachtacha éifeachtúla a fhorbairt

- Sheas punann infheistíochta ísealriosca na Comhairle coinníollacha luaineachta margaidh ag tarraingt le deireadh na bliana tuairiscithe agus tá sé i ndea-riocht le torthaí sásúla a sholáthar.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar an mbonneagar TFC chun cianobair agus leanúnachas gnó a éascú.
- Lean an fheidhm bainistithe seirbhísí ar an láthair le seirbhísí líne tosaigh agus riaracháin agus láimhseála glaonna a soláthar le linn bliana lenar bhain méideanna a bhí níos airde.
- Tugadh próiseas soláthair a bhí fada chun críche don tionscadal Bunachar Sonraí Clárúcháin agus cheadaigh an Chomhairle díoltóir rathúil i mí na Nollag 2019. Cuireadh tús le feidhmiú an tionscadail i mí Eanáir 2020 le ceardlanna deartha agus aimsithe.
- Tar éis dheireadh na dianghlasála an 12 Márta 2020, d'aistrigh an fhoireann tionscadail go rathúil chuig ceardlanna fóirúla chun deis a thabhairt do chéim cur chun feidhme an tionscadail leanúint ar aghaidh.





3 An Clár Múinteoirí

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as comhaltaí ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is éard atá i gceist leis sin, Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; caighdeáin iontrála don Chlár a shocrú; agus measúnú a dhéanamh ar iarratais chun a bheith curtha leis an gClár.

Clárúcháin

Bhí 105,933 múinteoir ar an iomlán cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta an 27 Márta 2020. Cuireadh 5,538 cláraí nua ar an iomlán ar an gClár, lena n-áirítear, 2,900 céimí nua a chríochnaigh nó a thug a gclárúchán cothrom le dáta le linn tréimhse chlárúcháin an tsamhraidh.

| Bealach Clárúcháin | Líon |
|--------------------|--------|
| Bunscoil | 49,407 |
| Iar-bhunscoil | 45,410 |
| Breisoideachas | 13,872 |
| Eile | 1,243 |

Nóta: D'fhéadfadh múinteoirí a bheith cláraithe faoi níos mó ná bealach amháin.

Le linn na tréimhse 12 mí seo, d'imigh clárú 215 múinteoir in éag ón gClár mar nár thug siad aghaidh ar a gcoinníollacha, agus chláraigh 16 múinteoir acu seo arís ina dhiaidh seo. D'imigh clárú 1,345 múinteoir in éag mar nár íoc siad an táille athnuachana agus d'athchláraigh 56 múinteoir acu ina dhiaidh sin. As na múinteoirí ar iarradh orthu grinnfhiosrúchán a chomhlánú baineadh 203 den Chlár mar gheall ar neamhchomhlíonadh agus níor cuireadh duine ar bith acu ar ais ar an gclár. Bhain 231 múinteoir iad féin den Chlár go deonach le linn na tréimhse seo.

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Clárúcháin le linn na tréimhse seo. Bhí cúig chruinniú ag an nGrúpa Athbhreithnithe Clárúcháin agus breithníodh 28 cás. Amháil blianta roimhe agus ag teacht le gairm na múinteoireachta i dtíortha eile, is mná atá i thart ar 77% de mhúinteoirí cláraithe agus is fir 23% de mhúinteoirí cláraithe.

Athnuachan Clárúcháin

Ó mhí Eanáir 2014, ní mór do mhúinteoirí clárú leis an gComhairle le tuarastal atá maoinithe ag an Stát a fháil. Maireann an Clárú ar feadh bliain amháin (1) agus ní mór do mhúinteoirí a gclárú a athnuachan gach bliain le fanacht ar an gClár Múinteoirí. €65 i gcónaí an táille athnuachana ar chlárú agus is féidir faoiseamh cánach ioncaim a éileamh. **Le linn na bliana rinne 90,630 múinteoir a gclárú a athnuachan agus roghnaigh 91% díobh an íocaíocht a dhéanamh ar líne.**

Clárú le Coinníollacha

Cláraítear múinteoirí le coinníollacha mura bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na Comhairle ag an gclárú tosaigh. Bíonn na coinníollacha atá i bhfeidhm ar chlárú múinteora, agus na modhanna agus tréimhsí ama le tabhairt faoi na coinníollacha seo, leagtha amach don mhúinteoir nuair a chláraíonn sé/sí. Go ginearálta, tugtar trí bliana do mhúinteoirí le tabhairt faoi na coinníollacha dá gclárú agus is féidir síneadh ama a lorg in imthosca eisceachtúla. Ar na coinníollacha is mó a bhíonn ceangailte le clárúcháin, tá ionduchtúcháin, easnamh cáilíochta agus riachtanas na Gaeilge.

Éilítear ar mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna) a chláraíonn leis an gComhairle tréimhse ionduchtúcháin ghairmiúil a chomhlánú. Is ionann próiseas Droichead agus ionduchtúcháin comhtháite atá dírithe ar thacú le MNCanna agus iad ag cur tús lena ngairm múinteoireachta. Ó mhí Mheán Fómhair 2017, chuir an Chomhairle tús le riarachán iomlán a dhéanamh ar phróiseas ionduchtúcháin ghairmiúil de chuid Droichead do mhúinteoirí nuacháilithe. Ó shin i leith, tá ardú suntasach ar líon na múinteoirí nuacháilithe atá rannpháirteach sa phróiseas ionduchtúcháin. Le linn mhíonna an tsamhraidh sa bhliain 2019, críochnaigh 1,845 múinteoir próiseas Droichead 2018/2019. Tagann an próiseas seo leis an mbliain acadúil ach forluíonn an dá bhliain tuairiscithe. Chuir 3,162 múinteoir ar an iomlán tús le próiseas Droichead i mí Meán Fómhair 2019.

Rinneadh teagmháil le linn na bliana tuairiscithe le 2,285 múinteoir ar an iomlán a raibh coinníollacha ag seasamh amach orthu, trí mhí roimh na dátaí éagtha. Astu sin, d'iarr 1,846 múinteoir síneadh agus bronnadh síneadh orthu. Le linn na tréimhse seo baineadh raon coinníollacha de chlárúcháin 6,151 múinteoir de réir mar a comhlíonadh iad.

Tugann an Painéal Clárúcháin faoi mheasúnú ar na héilimh ar shíneadh thar ceann na Comhairle. Tháinig an Painéal le chéile sé huair agus bhreithnigh 36 cás. Cuireadh 1,200 cás eile faoi bhráid an Phainéil lena ndaingniú.

Tionscadal Dearbhaithe MGO

Tacaíonn an Chomhairle le múinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) iar-bhunscoile, chun a dhearbhu go gcomhlíonann a n-ábhair bhunchéime riachtanais na Comhairle don teagasc in ábhar curaclaim amháin ar a laghad, roimh iarratas a dhéanamh ar chlárúcháin. Tugann an tseiceáil seo ar dhearbhu le fios go gcomhlíonann an t-ábhar a tógadh ag leibhéal iarchéime na riachtanais mar atá siad leagtha síos ag an gComhairle ó thaobh clárú leis an ábhar sin.

Deimhníonn sé seo incháilitheacht an mhúinteora faoi oiliúint OTM chun clárú leis an gComhairle ar chomhlánú a gcuid staidéir Máistreachta agus cuidíonn sé freisin le borradh a chur faoin bpróiseas clárúcháin. Bhain 82% ar an iomlán de mhúinteoirí faoi oiliúint OTM (iar-bhunscoile) leas as an bpróiseas saor in aisce seo.

Eolas maidir leis an gClár a rochtain

Tá Clár na Múinteoirí le fáil don phobal lena scrúdú tríd an tsaoráid “Cuardaigh an Clár” ar líne ar láithreán gréasáin na Comhairle. Baineadh úsáid as an tsaoráid seo 157,010 uair le linn na bliana.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Déanann an Chomhairle riaradh ar ghrinnfhiosrúchán múinteoirí chun críocha chlárúcháin tosaigh, athnuachan clárúcháin agus fostaíochta. Le linn na bliana tuairiscithe, rinne an Chomhairle grinnfhiosrúchán ar 34,924 múinteoir. Astu sin, rinneadh grinnfhiosrúchán ar 7,149 múinteoir chun críocha clárúcháin tosaigh nó fostaíochta; rinneadh grinnfhiosrúchán ar 25,419 múinteoir mar chuid d'athghrinnfhiosrúchán múinteoirí cláraithe agus rinneadh grinnfhiosrúchán ar 2,356 múinteoir tar éis tús a chur le hathghrinnfhiosrúchán príomhshrutha.

Dhírigh an tionscadal athghrinnfhiosrúcháin ar ghrinnfhiosrúchán na múinteoirí cláraithe go léir a raibh grinnfhiosrúchán déanta orthu idir na blianta 2006 agus 2016 a thabhairt cothrom le dáta nuair is córas páipéar faoi Lárionad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a bhí i gceist. Tugadh an próiseas seo chun críche i mí Eanáir na bliana 2020 a chinntíonn gur comhchaighdeán atá i gceist le ríomh-ghrinnfhiosrúchán tríd an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin do gach múinteoir cláraithe. Chinn an Chomhairle, ag tosú i mí Feabhra 2020, athghrinnfhiosrúchán a thabhairt isteach do na múinteoirí go léir ar bhonn timthriallach trí bliana. Bhí a iarraidh ar mhúinteoirí a raibh grinnfhiosrúcháin déanta orthu roimhe sin sna blianta 2016/2017 iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán arís, i gceist leis an méid sin. Mar sin féin, mar gheall ar an ráig de Covid-19 agus na bearta a bhí curtha i bhfeidhm ag an Rialtas chun dul i ngleic le scaipeadh Covid-19, cuireadh an tionscadal seo ar fionraí go sealadach i Márta na bliana 2020. Bhí athghrinnfhiosrúchán roinnt múinteoirí curtha siar ar feadh bliana mar thoradh air sin agus tá an nochtadh grinnfhiosrúcháin atá acu faoi láthair fós bailí.

Tugtar Nochtadh ar thoradh an phróisis grinnfhiosrúcháin. Mar chuid de phróiseas clárúcháin, ní mór don Chomhairle breithniú a dhéanamh ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin le haghaidh oiriúnacht an duine mar 'duine cuí oiriúnach' chun críche athnuachana clárúcháin. Tugann Painéal Fianaise ar Charachtar faoi mheasúnachtaí den sórt sin thar ceann na Comhairle.

Tháinig Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle le chéile 12 uair le linn na bliana tuairiscithe agus bhreithnigh 43 nochtadh grinnfhiosrúcháin maidir le hiarratasóirí ar chlárúcháin nó ar athnuachan clárúcháin. Cuireadh 398 cás eile i láthair an phainéil lena ndaingniú le linn na bliana. Cuireadh an t-eolas is deireanaí maidir le 27 múinteoir a raibh a gclárúcháin/athchlárúcháin le coinníollacha ceadaithe mar a bhí forchurtha ag an bPainéal roimhe seo.

4 Feabhas a chur ar chaighdeán a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí ardchaighdeán i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Tá sé sin á bhaint amach trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn agus trí ghearáin a imscrúdú.




Leagtar amach sa dara heagrán den Chód Iompair Ghairmiúil (a tugadh cothrom le dáta sa bhliain 2016) na caighdeán a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a bhfuiltear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Is ionann an Cód agus ráiteas maidir le céard ba chóir a bheith i gceist le dea-theagasc agus an cruth ba chóir a bheith ar an teagasc sin. Is doiciméad reachtúil é agus úsáidtear mar phointe tagartha é nuair a bhíonn fiosrúcháin á ndéanamh maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh.

Cuireadh tús le feidhmeanna maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle (Cuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015) an 25 Iúil 2016. Is féidir leis an gComhairle gearáin a dhéantar i gcoinne múinteoirí cláraithe a imscrúdú anois. Ar an bpointe boise is a dhéantar gearán, tionscnóidh an Chomhairle imscrúdú agus déanfar cinneadh ar chóir déileáil leis an ngearán trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle.

Is féidir leis an gComhairle, tar éis éisteacht araíonachta, cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh a thabhairt, nó cáineadh a dhéanamh ar an múinteoir i scríbhinn, coinníollacha a fhorchur ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint den Chlár Múinteoirí. Sa chás go gcuirtear múinteoir ar fionraí nó má bhaintear é/í den chlár, níl sé/sí i dteideal a bheith íoctha le tuarastal atá maoinithe ag an Stát.

Molann an Chomhairle gur chóir gearáin a chur faoi bhráid scoil an mhúinteora sula gcuirtear iad faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta é. Mar sin féin, áit a bhfuil leanbh nó duine soghonta i mbaol, ba chóir é seo a chur faoi bhráid an Gharda Síochána agus Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Cuirfidh feidhmiú na nósanna imeachta faoi Alt 28 den Acht Oideachais 1998 nós imeachta gearán ar bhonn foirmiúil ag leibhéal na scoile ar fáil, a thabharfadh an deis déileáil le casaoidí nó gearáin gan dul i mbun na nósanna imeachta Feidhmiúlacht chun Múineadh. Maidir leis sin, lean an Chomhairle lena rannpháirtíocht leis an Aire, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara ó thaobh an ghá nósanna imeachta a chur i bhfeidhm faoi Alt 28 den Acht Oideachais 1998, cibé trí bhealach nósanna imeachta é sin faoin mBille a foilsíodh le deireanaí maidir leis an gCairt do Thuismitheoirí agus Daltaí nó cibé bealach a cheadóidh an tAire.



Is éard atá sa Chód ná ráiteas maidir le ba chóir a bheith i gceist le dea-theagasc agus an cruth ba chóir a bheith ar an teagasc sin.

Lean an Chomhairle Mhúinteoireachta lena rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an ngá atá ann go gceadóidh agus go síneoidh an tAire rialacháin faoi Alt 37 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta agus go bhfoilseofar iad sin mar Ionstraim Reachtúil. Cuirfidh rialacháin faoi Alt 37 den Acht dualgas ar fhostóirí an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur ar an eolas sa chás go n-éiríonn múinteoir as i ndiaidh gearáin nó próiseas araíonachta ag leibhéal scoile.

Fiosrúchán maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh/Coiste Araíonachta

Ag tús na bliana tuairiscithe, bhí 24 gearán beo os comhair an Choiste Imscrúdaithe a bhí tugtha ar aghaidh ó thréimhsí tuairiscithe roimhe seo. Fuarthas 53 gearán eile le linn na bliana tuairiscithe reatha, 28 Márta 2019 go dtí 27 Márta 2020.

Bhain 52 de na gearáin le múinteoirí aonair agus bhain gearán amháin a rinneadh le beirt mhúinteoirí, 54 múinteoir ar an iomlán. As an 52 gearán, cuireadh níos mó ná gearán amháin faoi bhráid maidir le triúr de na múinteoirí.

Diúltaíodh ocht gcinn de na 53 gearán ag céim athbhreithnithe an Stiúrthóra mar nár fhreastail siad ar riachtanais Achtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015, m.sh. ní raibh siad sínithe agus ní raibh na doiciméid agus an t-eolas ábhartha in éineacht leo.

Anailís ar mhúinteoirí a ndearnadh gearán fúthu – bealach clárúcháin

As na 54 múinteoir a ndearnadh gearán maidir leo sa bhliain tuairiscithe, ba mhúinteoirí iar-bhunscoile a bhí i 22 acu, ba mhúinteoirí bunscoile a bhí i 28 acu agus bhí ceathrar acu i mbreisoideachas.

Cúiseanna gearáin

Is féidir leis an gComhairle féachaint ar ghearán ar líon cúiseanna mar a leagtar amach i gCuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- > mí-iompar gairmiúil
- > droch-fheidhmíocht ghairmiúil
- > rannpháirtíocht in iompar atá in aghaidh an Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- > neamhábaltacht teagasc mar gheall ar chúrsaí sláinte
- > ciontú cúirte mar gheall ar chionta áirithe
- > gan foráil a chomhlíonadh nó foráil de chuid na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015; den Acht Oideachais, 1998; den Acht (Leas) Oideachais, 2000; den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013; agus aon rialacháin, rialacha nó orduithe faoi na hAchtanna sin, a shárú
- > gan tasc a chomhlíonadh nó gan gníomh a dhéanamh atá sonraithe i dtóiliú a tugadh do phainéal Choiste Araíonachta na Comhairle ag fiosrúchán agus
- > clárú mícheart mar gheall ar dhearbhu bréagach nó calaoiseach nó mífhaisnéis.

Cinntí an Choiste Imscrúdaithe

Is coiste scagtha é an Coiste Imscrúdaithe a dhéanann gearáin a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le múinteoirí cláraithe a bhreithniú agus a imscrúdú. Ní mór don Choiste seo cinneadh a dhéanamh an gá gníomhú nó ar chóir an gearán iomlán nó cuid den ghearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin.

- › Rinne an Coiste Imscrúdaithe cinneadh nach bhféadfaidís 12 gearán as na 53 gearán a fuair siad a bhreithniú. Diúltaíodh na gearáin seo mar nár chomhlíon siad riachtanais na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, m.sh tharla an t-iompar roimh an 25 Iúil 2016 agus ní raibh an t-údarás ag an gCoiste Imscrúdaithe a leithéid a bhreithniú ag an am sin, níor bhain siad le feidhmiúlacht an mhúinteora chláraithe chun múineadh ná níor cuireadh nósanna imeachta scoilbhunaithe i gcrích sular ardaíodh an t-ábhar leis an gCoiste Imscrúdaithe
- › Tar éis cinneadh imscrúdú a dhéanamh, dhiúltaigh an Coiste sé cinn as na 53 gearán a fuarthas a chur faoi bhráid an Choiste Araíonachta
- › Níor bhreithnigh an Coiste Imscrúdaithe aon tarraingt siar gearáin le linn na bliana tuairiscithe
- › As na 53 gearán, bhí ar an gCoiste Imscrúdaithe breithniú breise a dhéanamh ar 27 de na gearáin amhail an 27 Márta 2020 agus
- › Bhain ceithre cinn de na 53 gearán le hiompar a tharla sular cuireadh tús le Cuid 5.

Foinse gearáin

| Grúpa Gearáin | Líon |
|--|------|
| Tuismitheoirí | 38 |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta tríd an gCoiste Feidhmiúcháin, tar éis den ghearán a bheith tugtha ar aird na Comhairle trína meáin nó ar bhealach eile | 7 |
| Páirtithe eile | 8 |
| Údaráis bainistíochta scoile | 0 |

Catagóirí gearáin

Léirítear sa mhéid seo a leanas na catagóirí gearáin a taifeadadh agus líon na ngearán a fuarthas i ngach catagóir le linn na bliana tuairiscithe:

| | |
|---|----|
| Iompar* | 36 |
| Inniúlacht/feidhmíocht/cleachtadh | 15 |
| Údar imní ó thaobh sláinte | 1 |
| Cionta coiriúla | 2 |
| Mímhacántacht/ionracas gairmiúil | 2 |
| Teip an mhúinteora tuairisciú a dhéanamh/a chur in iúl | 7 |
| Sárú ar Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí | 5 |
| Sárú ar na hAchtanna Sonraithe atá liostaithe in Alt 42(1)(a) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú)2015 | 0 |

Nóta: Is féidir le níos mó ná catagóirí gearáin amháin a bheith ceangailte le haon ghearán ar leith. Dá bhrí sin, ní gá gurb ionann líon iomlán na ngearán a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe agus líon na gcúiseanna gearán sa tábla thuas.

* Áiríonn gearáin a bhain le hiompar mí-úsáid fhisiciúil/ionsaí fhisiciúil, ionsaí ó bhéal, teagmháil ghnéasach/collaí le dalta, caidreamh pearsanta míchuí le dalta (nach mbaineann le caidreamh gnéasach), cumarsáid mhíchuí (a bhaineann nó nach mbaineann le cumarsáid ghnéasach), bulaíocht, iompar idirdhealaitheach agus úsáid mhíchuí na meán sóisialta.

Fiosrúchán maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh/Coiste Araíonachta

Cuireadh tús le Feidhmiúlacht chun Múineadh an 25 Iúil 2016 agus is féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta ón dáta sin ar aghaidh, gearáin a bhaineann le múinteoirí cláraithe a fháil agus a imscrúdú agus mar thoradh air sin d'fhéadfaí fiosrúchán a dhéanamh ar fheidhmiúlacht múinteora chun múineadh.

Féadfaidh Coiste Imscrúdaithe na Comhairle gearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin. I bhformhór na gcásanna, beidh éisteacht ó bhéal i gceist leis an bhfiosrúchán os comhair phainéal den Choiste Araíonachta.

Tá sé cosúil le héisteacht os comhair cúirte nó binse fiosrúcháin. Tugann finnítithe fianaise faoi mhionn, féadfaidh an painéal, áfach, ar iarratas ón múinteoir nó ar thoiliú an mhúinteora atá faoi réir ag an ngearán, cinneadh a dhéanamh fiosrúchán a réachtáil trí dhoiciméid agus aighneachtaí i scríbhinn a scrúdú, seachas fiosrúcháin i bhfoirm éisteacht ó bhéal. Bhí fiosrúchán amháin den sórt sin ar siúl le linn na bliana tuairiscithe.

I bhformhór na gcásanna, beidh éisteacht ó bhéal ar siúl sa chás go bhfuil easaontas maidir le fíricí nó go ngabhann saincheist leo. Sa chás fiosrúcháin a bheith ar siúl go poiblí, féadfaidh na meáin freastal air.

Má dhéantar iarratais, d'fhéadfadh an painéal fiosrúcháin cinneadh a dhéanamh cuid den fhiosrúchán a réachtáil go príobháideach. D'fhéadfadh an Painéal cinneadh a dhéanamh aitheantas na ndaoine agus na n-áiteanna a bhaineann leis an bhfiosrúchán a cheilt má bhíonn fiosrúchán ar siúl go poiblí.

Cuireadh cúig ábhar ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta lena bhfiosrú le linn na bliana tuairiscithe 2019/2020. Bhí ullmhúcháin ar siúl maidir le ceithre cinn de na hábhair seo agus táthar ag súil go dtarlóidh na fiosrúcháin sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

I gcás an chúigiú ábhair, reáchtáladh éisteacht ó bhéal go poiblí le linn na bliana tuairiscithe agus rinne an Painéal Fiosrúcháin cinneadh agus forchuireadh smachtbhanna maidir leis an múinteoir a bhaint den Chlár. De réir alt 44(5) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015, chuir an Chomhairle iarratas faoi bhráid na hArd-Chúirte chun deimhniú a fháil maidir leis an smachtbhanna seo agus bhíothas ag fanacht le cinneadh na Cúirte ag deireadh na bliana tuairiscithe.

Tugadh ábhar amháin a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta le linn na tréimhse tuairiscithe 2018/2019 chun críche i gcruth fiosrúcháin trí scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar aighneachtaí le linn na tréimhse tuairiscithe reatha. Sa chás seo, rinne an Painéal Fiosrúcháin cinneadh smachtbhanna a fhorchur, eadhon, gur chóir an múinteoir a choinneáil ar an gClár faoi réir ag coinníollacha maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh. Bhíothas ag fanacht le deimhniú an smachtbhanna seo ón Ard-Chúirt ag deireadh na bliana tuairiscithe.

Le linn na bliana tuairiscithe, rinneadh cinneadh de chuid na hArd-Chúirte i mí Feabhra 2019, i gcoinne múinteoir cláraithe a thug dúshlán chinneadh na Comhairle fógra a thabhairt don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin maidir le húdar imní bona fide a bhain le cosaint leanaí, a achomharc chun na Cúirte Achomhairc. Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc an t-achomharc i mí Iúil 2019, agus dámhadh costais ar an gComhairle Mhúinteoireachta.

Le linn na bliana tuairiscithe, cheadaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta polasaí a leagan amach tréimhsí lena gcoinneofar fógraí faoi alt 46B de na hAchtanna um Chomhairle Múinteoireachta 2001-2015 ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Baineann na fógraí seo le cinntí a rinne painéil fiosrúcháin agus smachtbhannaí a chuir an Ard-Chúirt i bhfeidhm agus a deimhníodh (sa chás gur cuí).

Dé réir Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 8 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialacháin um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint) 2017, tá sé de chúram ar an gComhairle Mhúinteoireachta, mar Údarás Inniúil faoi Threoir 2013/55/AE, na húdaráis inniúla a chur ar an eolas i ngach Ballstát AE, sa chás go bhfuil bac curtha nó srianadh déanta ar chleachtadh duine cláraithe ag údarás náisiúnta nó ag cúirt. Le linn na bliana tuairiscithe, d'eisigh an Chomhairle Mhúinteoireachta foláireamh maidir le triúr múinteoir cláraithe.

An Coiste Feidhmiúcháin

Is coiste reachtúil den Chomhairle é an Coiste Feidhmiúcháin a fheidhmíonn feidhmeanna atá bronnta air ag na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015; áiríonn sé seo ábhair a d'fhéadfadh an Chomhairle a tharmligean. Rinne an Chomhairle a feidhmeanna a tharmligean faoi alt 47 agus faoi alt 42(1) den Acht ar an gCoiste Feidhmiúcháin, de bhun alt 26(i) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015.

Déantar foráil in Alt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 gur féidir leis an gComhairle, má bhíonn sí sásta gurb ar mhaithe le leas an phobail é, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar Ordú le clárú múinteoir cláraithe a chur ar fionraí ar feadh tréimhse sonraithe. Bhreithnigh an Coiste Feidhmiúcháin trí iarratas den sórt sin le linn na bliana tuairiscithe agus rinne cinneadh iarratas a dhéanamh ó thaobh péire de na cásanna seo. Cheadaigh an Ard-Chúirt ceann de na hiarratais seo agus tharraing an Chomhairle siar an dara ceann tar éis achomharc rathúil maidir le ciontú coiriúil ag múinteoir cláraithe.

Déantar foráil in Alt 42(1) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 go bhféadfadh an Chomhairle gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdaithe. D'fhéadfadh sé seo tarlú nuair a dhírítear aird na Comhairle ar mhúinteoir cláraithe trí na meáin chumarsáide nó nuair a thugann duine den phobal nó Bord Bainistíochta fógra don Chomhairle maidir le húdar imní a bhaineann le múinteoir cláraithe agus ach nach mian leo a bheith mar ghearánach foirmiúil. Chinn an Coiste Feidhmiúcháin (tar éis na feidhme a bheith tarmligthe ag an gComhairle dó) gur chóir don Chomhairle a bheith mar Ghearánach maidir le seacht gearán le linn na bliana tuairiscithe.

Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara maidir le hábhair a bhaineann le feidhmiúlacht chun múineadh

Bíonn an Chomhairle rannpháirteach go gníomhach leis na páirtithe leasmhara go rialta.

Sa bhliain tuairiscithe, bhí cruinnithe déthaobhacha ar siúl maidir le cúrsaí feidhmiúlachta chun múineadh idir comhaltaí foirne na gCaighdeán Gairmiúil a thacaíonn le feidhmeanna na Comhairle maidir le feidhmiúlacht chun múineadh agus príomhpháirtithe leasmhara.

Lean an Chomhairle ag tabhairt tacaíochta do na páirtithe leasmhara ó thaobh cruinnithe faisnéise agus seisiúin eolais a chur ar fáil i gcomhthéacs na Feidhmiúlachta chun Múineadh.

Bhí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara níos leithne ar siúl chun tabhairt faoin méid atá foghlamtha ag an gComhairle faoi na gearáin agus na fiosruithe go dtí seo ar siúl an 5 Aibreán 2019. Le linn na rannpháirtíochta seo cuireadh dréacht Threoirlínte maidir leis na Meáin Shóisialta i láthair na bpáirtithe leasmhara freisin roimh thabhairt faoin phróiseas comhairliúcháin leathan.

Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, bhí an dréacht deiridh, ar a dtugtar ‘Treoir’ maidir leis na Meáin Shóisialta anois, ullmhaithe do chead na Comhairle.

Bhí rannpháirtíocht ar siúl leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, Tusla, an Garda Síochána agus le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhthéacs eolas maidir le cosaint leanaí/riosca do leanaí a chomhroinnt leis an gComhairle Mhúinteoireachta nuair a bhaineann sé le múinteoir cláraithe.

Forbairtí ábhartha eile maidir le feidhmiúlacht chun múineadh le linn na bliana tuairiscithe

Bhí rannpháirtíocht le rialtóirí múinteoireachta sa Ríocht Aontaithe ar siúl maidir leis an bhféidearthacht go dtarlóidh Breatimeacht gan ord gan eagar. Breithníodh, go háirithe, na himpleachtaí maidir le comhroinnt sonraí tar éis an Bhreatimeachta le tíortha nach cuid de Bhallstáit AE iad i gcomhthéacs faisnéise maidir le feidhmiúlacht chun múineadh, faisnéis isteach agus amach araon.



5 Oideachas Tosaigh Múinteoirí & Ionduchtú

Tá ardchaighdeán a chur chun cinn ar fud leanúntas oideachais múinteoirí i gcoilár obair na Comhairle Múinteoireachta. Cuirtear tús le feidhmeanna na Comhairle sa réimse seo nuair a chuireann an múinteoir tús lena chuid/lena cuid oideachais tosaigh múinteoirí i dtús báire, agus leanfar ar aghaidh leis sin ar feadh a ngairm mhúinteoireachta.

Athbheithniú agus Creidiúnú ar Chláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Cinntíonn cláir oideachais tosaigh múinteoirí go bhfuil siad oiriúnach le múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun dul isteach sa ghairm.

Éilíonn gníomh a dó dhéag i bplean Gníomhaíochta Soláthair Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna (2018) ar an HEA dul i rannpháirtíocht le soláthróirí cláir OTM lena chinntiú go mbeidh na cláir OTM breise iar-bhunscoile comhthráthacha 4 bliana i bhfeidhm do 2019/20 a cháilíonn múinteoirí i dhá réimse ábhair, lena n-áirítear, ábhair spriocdhírthe (Fisic, Ceimic, Eolaíocht Ríomhaireachta, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile).

Cheap an Chomhairle Mhúinteoireachta agus thionóil Painéil Athbheithnithe chun athbheithniú a dhéanamh ar ocht gcinn d'aighneachtaí comhthráthacha do chlár iar-bhunscoile sa tréimhse tuairiscithe. Tugadh creidiúnú do cheithre cinn de na cláir seo sna réimsí ábhair spriocdhírthe, Fraincis, Gearmáinis, Gaeilge, Matamaitic. Cuireadh siar creidiúnú na gné Eolaíochta Ríomhaireachta do phéire de na cláir seo go dtí go mbeidh an critéar atá sonrach ó thaobh ábhar don Eolaíocht Ríomhaireachta ar fáil. Tá na ceithre chlár eile sna réimsí ábhair maidir le Gaeilge, Teangacha, Ealaín, Dearadh agus Teicneolaíocht a gcur chun cinn trí phróiseas athbheithnithe agus creidiúnaithe.

Fuair an Chomhairle aighneacht ó sholáthróir amháin maidir le clár (Máistir Gairmiúil le hOideachas) MGO príomha a thabhairt isteach. Rinne an soláthróir cinneadh ina dhiaidh sin gan leanúint leis an aighneacht le linn na bliana tuairiscithe.

Céim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Lean an fhoireann Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM) lena n-athbhreithniú ar chritéir agus ar threoirlínte na Comhairle do chlár OTM mar atá leagtha síos sa doiciméad 'Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéar agus Treoirlínte do Sholáthróirí Cláir 2011'. Ag leanúint ar aghaidh ó Chéim 1 agus 2 den phróiseas athbhreithnithe a tugadh chun críche sna blianta 2018 agus 2019 i ndiaidh a chéile, rinneadh caighdeán don OTM a dhréachtú ag baint úsáid as an aiseolas a fuarthas le linn Céim 1 agus 2, as litríocht, as straitéis agus as beartais doiciméid ábhartha. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin leathan i mí Meán Fómhair 2019, tráth ar tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara agus do chomhpháirtithe dréacht-leagan den doiciméad "Céim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí", a phlé agus aiseolas a thabhairt. Bhí sraith de 12 seisiún comhairliúcháin ar siúl idir Meán Fómhair 2019 agus Feabhra 2020. Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur faoi bhráid freisin agus fuarthas 24 aighneacht ar an iomlán.

I dtús báire, bhí sé beartaithe go gcuirfidh Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéar agus Treoirlínte do Sholáthróirí Cláir (2017) agus Treoirlínte ar Shocrúcháin Scoile (2013) le chéile agus go dtabharfaí cothrom le dáta iad. Le linn na céime dréachtaithe, áfach, agus breithniú á dhéanamh ar Thuarascáil Eatramhach an Grúpa Oibre maidir le Socrúcháin Scoile, bhí sé soiléir go raibh doiciméad as féin fós ag teastáil do shocrúcháin scoile.

Comhairle don Aire:

Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta comhairle ar fáil don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le coibhéis cháilíochta do rochtain ar Mháistir Gairmiúil le hOideachas (MGO) (Múinteoireacht Bhunscoile). Reáchtáladh seisiún comhairliúcháin i mí na Bealtaine 2019 leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Rinneadh tuarascáil a dhréachtú agus a thabhairt chun críche ag tógáil aiseolais ón seisiún comhairliúcháin san áireamh. Cheadaigh an Chomhairle an tuarascáil, i mí Iúil 2019, a cuireadh faoi bhráid an Aire ina dhiaidh sin.

Socrúcháin scoile

Tugadh Grúpa Oibre maidir le Socrúcháin Scoile le chéile i mí na Samhna 2018. Cuireadh mar chúram ar an nGrúpa oibriú ar chur chuige comhordaithe, cuí agus inbhuanaithe i leith socrúcháin scoile, athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú treoirlínte maidir le socrúcháin scoile agus ar mholtaí taighde ar shocrúcháin scoile (Hall et al, 2018), a bhí coimisiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Chuimsigh an Grúpa, a bhí faoi chathaoirleacht na Comhairle Mhúinteoireachta, 18 comhalta agus san áireamh bhí ionadaithe óna hInstitiúidí Ardoideachais, Ceadchumainn Múinteoirí, Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile, comhlachtaí Bainistíochta, an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), Oifigigh Sinsearach, Cigireacht ROS, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Bhí ceithre chruinniú ag an nGrúpa Oibre le linn na bliana tuairiscithe agus thug siad a dtuarascáil agus a bplean gníomhaíochta chun críche i mí na Nollag 2019. Bhreithnigh an Chomhairle an tuarascáil ag a cruinniú i mí na Nollag agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna lena breithniú. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta i mbun breithnithe ar mholtaí agus ar chéimeanna eile na tuarascála.

Measúnú ar cháilíochtaí

De réir Threoir 2005/36/CE an AE maidir le comhaitheantas cáilíochtaí (mar atá leasaithe), is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás inniúil in Éirinn le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chlárú ó dhaoine atá aitheanta mar mhúinteoirí i dtíortha AE/LEE eile. Déanann an Chomhairle measúnú freisin ar iarratais ar chlárúcháin ó mhúinteoirí a cháligh lasmuigh den AE/LEE. Ní mór d'iarratasóirí na critéir a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i Rialacháin na Comhairle Mhúinteoireachta [Clárú].

Ceadáíodh 591 iarratas ar mheasúnú cáilíochta do chlárúcháin le linn na bliana tuairiscithe. Is iarratas bunscoile a bhí in 270 acu agus iarratas iar-bhunscoile a bhí in 321 acu.

Tacaíochtaí nua ar líne d'iarratasóirí

Cuireadh ríomhleabhar/beochana ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta i Ráithe 3 den bhliain 2019. Tugtar breac-chuntas sa ríomhleabhar ar na trí chéim shainiúla d'iarratasóirí thar lear: iarratas, measúnú agus clárú.

Tugadh an láithreán gréasáin cothrom le dáta i Ráithe 2 de 2019 le halt sonracha a thabhairt san áireamh do mhúinteoirí 'a Cháilíonn lasmuigh d'Éirinn'. Tá an t-eolas go léir maidir le riachtanais chlárlúcháin sonracha go soiléir agus úsáid á baint as teanga inrochtana chun múinteoirí a éascú le tuiscint a fháil ar riachtanas lena bheith mar mhúinteoir in Éirinn. Tá persona tiomanta cruthaithe ar an láithreán gréasáin, 'Is múinteoir mé a cháiligh thar lear', chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ar iarratasóir féideartha a shimpliú agus a shoiléiriú. Leanann an láithreán gréasáin lena bheith mar acmhainn chuimsitheach do mhúinteoirí atá ag déanamh iarratas ar chlárlú agus déantar athbhreithniú agus tugtar cothrom le dáta an láithreán gréasáin ar bhonn rialta.

Athbhreithniú ar chritéir ábhair

Tugadh athbhreithniú ar Riachtanais d'Ábhar Curaclaim na Comhairle ag leibhéal iar-bhunscoile chun críche le linn na bliana tuairiscithe. Rinneadh athbhreithniú ar na riachtanais agus é mar aidhm cothabháil agus cosaint a dhéanamh ar an gcaighdeán ag cur le solúbthacht sa chóras ag an am céanna. Tar éis próiseas comhairliúcháin leathan agus cuimsitheach a tugadh faoi idir mí an Mheithimh 2018 agus Aibreán 2019, inar áiríodh comhairliúcháin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an gCigireacht, cheadaigh an Chomhairle sraith leasuithe maidir le riachtanas d'ábhar curaclaim iar-bhunscoile ag a cruinniú i mí Deireadh Fómhair 2019. Cuireadh na riachtanais leasaithe faoi bhráid na Roinne lena mbreithniú an 15 Samhain 2019.

Tugadh riachtanas d'ábhair churaclaim na hArdteistiméireachta maidir le Polaitíocht agus an tSochaí agus Ríomheolaíocht chun críche freisin le linn na bliana tuairiscithe agus san áireamh ann bhí sraith leasuithe riachtanais d'ábhar curaclaim iar-bhunscoile.

Droichead

Bhain Droichead, creat ionduchtúcháin comhtháite na Comhairle do mhúinteoirí nuacháilithe, an ceathrú bliain dá chéim amach le linn na bliana tuairiscithe. Bá é Droichead, le linn na céime fáis seo an t-aon bhealach ionduchtúcháin i socrúcháin Múinteoirí Oideachais Speisialta (SET), iar-bhunscoileanna le níos mó ná 200 dalta, bunscoileanna le 16 nó níos mó de mhúinteoirí príomhshrutha agus gach bunscoile le príomhoidí riaracháin. Eisíodh fógraí ar na scoileanna go léir sa chatagóir éigeandála do 2019/2020 á gcur ar an eolas maidir leis an méid sin.

Próiseas um Dhearbhú Cáilíochta Droichead do 2018/2019

Tugadh faoin gceathrú timthriall de phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta Droichead (DCD) le linn na bliana tuairiscithe seo. Bhí sé mar aidhm ag painéal an DCD cuairt a thabhairt ar 24 scoil, 12 bunscoil agus 12 iar-bhunscoil ar mhaithe leis na torthaí a thuairisciú don Chomhairle Múinteoireachta maidir le feidhmiú Droichead agus cáilíocht an phróisis sna scoileanna seo a thuairisciú. Rinne an painéal athbhreithniú ar na ceisteanna a cuireadh sna scoileanna sa bhliain roimhe sin agus tugadh cothrom le dáta iad ar mhaithe le heolas níos mionsonraithe a fháil ar an bpróiseas a bhí ar siúl sna scoileanna sna blianta 2018/19. Bhí cothromaíocht réasúnach de na cineálacha scoileanna sa roghnú randamach de 24 scoil sa dá earnáil ag tógáil san áireamh an uimhir bheag foriomlán. Bhí gach scoil a rabhthas i dteagmháil leo thar a bheith toilteanach comhoibriú le próiseas an DCD. Chiailaigh na srianta a tugadh isteach ar theacht Covid-19 i mí an Mhárta 2020 nár tugadh cuairt ach ar 16 as na 24 scoil.

Tá fócas an DCD, amháil próisis roimhe seo, ar leanúnachas seachas ar aonghnéitheacht ó thaobh próiseas Droichead a fheidhmiú i scoileanna. Tugann na torthaí a bhí ar an bpróiseas, mar a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith, léiriú maith ar an mbealach ina bhfuil scoileanna ag leanúint le próiseas Droichead a fhorbairt agus ó thaobh cothromaíochta a bhaint amach idir aonghnéitheacht agus leanúnachas laistigh de chomhthéacs scoile aonair. Tá tuarascálacha go léir an DCD le fáil lena léamh ar láithreán gréasáin na Comhairle.



6 Foghlaim agus Taighde Múinteoirí

Foghlaim Múinteoirí

Cosán

Mar chuid de Phróiseas Forbartha Cosán, bhí ceardlanna do mhúinteoirí ar siúil in 10 nIonad Oideachais ar fud na tíre. Chuir na ceardlanna seo an deis ar fáil do na daoine a d'fhreastail lena gcuid rannpháirtíochta i bPróiseas Forbartha Cosán a phlé agus a phleanáil lena chéile agus le foireann na Comhairle Múinteoireachta.

Bhí grúpaí fócais ar siúil in oifigí na Comhairle Múinteoireachta i mí na Bealtaine 2019 leis na múinteoirí a d'fhreastail ar ceardlanna Cosán. Chuir na ceardlanna seo deis ar fáil le haiseolas luachmhar a bhailiú chun tacú le Próiseas Forbartha Cosán agus le heolas a chur ar fáil do na chéad chéimeanna eile. Ina dhiaidh sin, sa dara leath den bhliain 2019, rinneadh cinneadh tosaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht scoile (seachas do mhúinteoir aonair) le Próiseas Forbartha Cosán, agus bhí cruinnithe ar siúl leis na hIonaid Tacaíochta Oideachais in Éirinn (ECSI) chun clár ceardlanna a phleanáil agus a chomhdhearadh chun tacú le rannpháirtíocht den sórt sin. Bhí an clár comhdhéanta de thrí cheardlann agus líon tascanna comhoibríocha scoil-bhunaithe. I mí Deireadh Fómhair 2019, chuir an Chomhairle clár maidir le forbairt ghairmiúil dhá lá ar fáil do 12 múinteoir atá ag cleachtadh chun sraith ceardlanna a éascú.

Bhí na ceardlanna Cosán seo ar siúl in Ionaid Oideachais i mBaile Átha Cliath Thiar, san Uaimh, i gCill Chainnigh, Luimneach, sa Chlár agus i nDún na nGall mar chuid dá gcuid clár maidir le cúrsaí áitiúla. Tugadh cuireadh do scoileanna trí mhúinteoir a ainmniú (lena n-áirítear, ceannaire sinsearach scoile) chun freastal ar an gclár ceardlanna. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí pleanáil ar siúl don cheardlann deiridh sa chéad sraith agus rinneadh cinneadh é sin a dhearadh mar cheardlann ar líne mar gheall ar chomhairle sláinte poiblí i bhfianaise paindéim Covid-19.

Bhí imeacht Cosán ar siúl ar an 24 Deireadh Fómhair 2019, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, Institiúidí Ardoideachais (IAOanna) Ionaid Oideachais agus an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL). Is é an tAire Oideachais, Joe McHugh T.D. a bhí ann ag an am, a d'oscail an ócáid agus thug an Dr Fiona King, Comhollamh i Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta i DCU, an príomhathasc. Cuireadh ceist ag an imeacht orthu siúd a d'fhreastail maidir leis an mbealach a ndéanadh siad Cosán agus a gcláir oibre agus múinteoirí tacaíochta faoi seach a ailíniú ó thaobh machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim ghairmiúil.

Le linn na bliana tuairiscithe, bhí an Chomhairle rannpháirteach le raon leathan páirtithe leasmhara oideachais maidir le Cosán. Bhí rannpháirtíocht dhéthaobhach ar Cosán ar siúl maidir leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), Cumann Ionad Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn (ATECI), Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI) anois, Boird na hÉireann um Oiliúint san Oideachas (ETBI), Teangacha Iar-bhunscoile na hÉireann (TIBÉ), Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí, Seirbhís Tacaíochta don Bhreisoideachas (FESS), an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT), Gaisce, an tIonad um Cheannaireacht Scoile (CSL), agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama.

Rinne an Chomhairle cur i láthair maidir le Cosán do na hInstitiúidí Ardoideachais (HEIanna), cumainn ábhair, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), Gréasán Príomhoidí Bunscoile na hÉireann do Phríomhoidí Bunscoile (IPPN), Boird na hÉireann um Oiliúint san Oideachas (ETBI), Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).

Bhí dhá chruinniú ag Grúpa Oibre Cosán le linn na bliana tuairiscithe agus bhreithnigh siad aiseolas ó cheardlanna, ó chuairteanna scoile, ó ghrúpaí fócais agus ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun eolas a chuir ar fáil don obair leanúnach atá idir lámha acu maidir le Próiseas Forbartha Cosán. Rinne aoichainteoir ón Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas cur i láthair don ghrúpa maidir le creat an Fóraim Náisiúnta d'fhoghlaim ghairmiúil.

TAIGHDE

Seimineár gréasáin – deiseanna do scoileanna tacú le foghlaim ghairmiúil

Ag teacht le Cosán, an creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí, aithnítear rannpháirtíocht le seimineár gréasáin mar dheis luachmhar d'fhoghlaim ghairmiúil. Sa chomhthéacs sin, déanann an Chomhairle seimineár gréasáin a craoladh mar chuid dá sraith taighde CROÍ (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach). Spreagtar scoileanna le féachaint ar an taifeadh seimineár gréasáin mar phobal foghlama gairmiúil scoil-bhunaithe, nó mar chnuasach scoileanna. Rinneadh óstach ar cheithre sheimineár gréasáin le linn na bliana tuairiscithe. Rinneadh óstáil ar líon díobh sin i gcomhar le páirtithe ábhartha ar nós na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) an Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST). Amhail gach seimineár gréasáin, tá taifeadtaí ar fáil ar na leathanaigh taighde ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan

Tá sé mar aidhm le Creat Tacaíochta John Coolahan tacú le múinteoirí chun glacadh le cur chuige nua agus fianaise bhunaithe i leith a gcleachtadh gairmiúil. Tugadh cuireadh iarratais a chur faoi bhráid don tríú babhta de Chreat Tacaíochta John Coolahan i mí na Bealtaine 2019. Fuarthas thart ar 37 iarratas agus d'athbhreithnigh painéal athbhreithnithe a bhí ceaptha iad. Bhí an ócáid bhronnta ar siúl i mí na Nollag 2019, agus bronnadh maoiniú ar 24 tionscadal, agus tugadh níos mó ná €86,000 amach ar an iomlán do na tionscadail go léir.

Bhí cruinniú ag painéal athbhreithnithe an Chreata Tacaíochta Taighde le breithniú a dhéanamh ar aon cheann déag do thuarascálacha deiridh a fuarthas ó lucht taighde a fuair maoiniú faoi bhabhtaí Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan roimhe seo. Eagraíodh na híocaíochtaí deiridh agus foilsíodh tuarascálacha ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Chuir 16 taighdeoir, a fuair maoiniú faoi bhabhtaí Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan roimhe seo, a gcuid tionscadail i láthair ag Cruinniú Lucht Taighde FÉILTE i mí Deireadh Fómhair 2019.

Ríomhírisí Taighde

Mar chuid de shraith taighde CROÍ na Comhairle, cuireadh sé cinn de ríomhírisí ar fáil le linn na bliana tuairiscithe. Glacadh le fócas téamach i gceithre cinn acu sin a chlúdaigh Leasú Curaclaim, an Teicneolaíocht Dhigiteach inár Scoileanna, Measúnú agus Ionchuimsiú. Bhí achoimre ghearr de na hairteagail agus de na naisc ábhartha chuig an téacs iomlán san áireamh i ngach ceann acu sin.

Bhí eagrán speisialta de ríomhírisí taighde i gceist le ceann eile chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Domhanda um Leabhair agus rinne ceannairí scoile, múinteoirí atá ag cleachtadh, lucht déanta beartais agus lucht taighde athbhreithniú ar 20 Ríomhleabhar ó leabharlanna ar líne na Comhairle Múinteoireachta.

Malartú Taighde Múinteoirí (T-REX)

Is ionann T-REX (Malartú Taighde Múinteoirí) agus ardán ar líne chun tacú le rannpháirtíocht i dtaighde agus le taighde ag múinteoirí agus ag lucht taighde oideachais eile. Cuireann T-REX tacaíocht ar fáil chun an léargas is deireanaí ó thaighde ceannródaíoch a rochtain agus a chomhroinnt. Éascaíonn sé comhráite, comhoibriú agus ceangail níos láidre idir taighde, beartas, cleachtas idir scoileanna agus HEIanna freisin. Tá an t-ardán a chómhaoiniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, agus ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), an Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas. Mar chómhaoinitheoir, tá ionadaíocht ag an gComhairle ar Choiste Stiúrtha T-REX a tháinig le chéile ceithre huair le linn na bliana tuairiscithe.

Taighde Coimisiúnaithe

Le linn na bliana tuairiscithe, bhí imeacht do pháirtithe leasmhara ar siúl mar chuid de thionscadal taighde DEEPEN (Droichead: Peirspictíochtaí, Eispéiris agus Insintí a Mhealladh agus a Insint). Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta a rinne coimisiúnú ar an taighde seo agus tá an taighde á dhéanamh ag Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Táthar ag iarraidh taighde a dhéanamh ar eispéireas múinteoirí ar Droichead, an creat ionduchtúcháin ghairmiúil chomhtháite do mhúinteoirí. Fiosrófar sa tionscadal seo, raon ábhair, lena n-áirítear, ról agus freagrachtaí na ndaoine sin atá rannpháirteach agus a thacaíonn le próiseas Droichead; ag cur acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil don phróiseas; tionchar Droichead ar chultúr na scoile; agus an ceangal idir próiseas Droichead agus oiliúint tosaigh múinteoirí. Díreoidh sé seo, go háirithe ar scoileanna beaga, Gaelscoileanna, DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh), agus socrúcháin speisialta oideachais.

Chuir foireann taighde DEEPEN a Léirbhreithniú ar Litríocht Chórasach (SLR) i láthair Coiste Oideachais na Comhairle i mí Meán Fómhair 2019 agus rinneadh píolótú ar líon ionstraimí suirbhé i mí Feabhra 2020.

Ar an mbealach céanna, leanadh le cleachtadh scóipe le linn na bliana maidir le taighde fadama a dhéanann Iníúchadh ar thuras gairmiúil múinteoirí in Éirinn. Tugadh cleachtadh chun an margadh a fhiosrú don tionscadal seo chun críche i mí na Bealtaine 2019 agus bhí cruinnithe ar siúl leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) agus leis an Údarás um Ard-Oideachais (HEA) maidir le cómhaoiniú a dhéanamh ar an tionscadal.

An Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT)

Cuimsíonn an Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT) múinteoirí cláraithe agus daoine eile a bhfuil taithe agus spéis acu i gcúrsaí taighde sna réimsí teagaisc, foghlama agus/nó measúnaithe. Tá an grúpa ionadaíoch do raon leathan de chomhthéacsanna teagaisc, agus leasanna taighde, agus féachann sé le tacú le hobair thaighde na Comhairle. Déantar é sin trí rannpháirtíocht múinteoirí sa taighde agus le taighde a chur chun cinn agus trí rannpháirtíocht idir múinteoirí agus lucht taighde oideachais eile a chur chun cinn. Le linn na bliana, bhí comhaltaí den ghrúpa rannpháirteach i bpainéal athbhreithnithe Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan, agus rinneadh achoimre ar airteagail lena gcur san áireamh ina ríomhírísí taighde agus ghlac siad páirt i gCruinniú Taighde na Comhairle mar chuid de FÉILTE 2019. Chuidigh siad freisin le cruth a chur ar chlár CROÍ do 2020/2021. Tháinig an grúpa le chéile faoi dhó le linn na bliana tuairiscithe.

Leabharlanna ar Líne

Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta rochtain saor in aisce chuig an leabharlann irisí agus Ríomhleabhair ar líne ar fáil do gach múinteoir cláraithe. Leis an leabharlann a rochtain, ní mór do mhúinteoirí cláraithe logáil isteach agus Uimhir Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta á úsáid acu.

Seoladh feachtas maidir leis na meáin shóisialta agus póstaer i mí na Bealtaine 2019 chun an leabharlann ar líne agus acmhainní eile do mhúinteoirí a chur chun cinn faoi shraith taighde CROÍ na Comhairle. Foilsíodh dhá fhíseán teagaisc freisin ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta le linn na bliana tuairiscithe maidir leis an mbealach leis an leabharlann ar líne a rochtain agus a chuardach.



7 An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn

Soláthar Múinteoirí

Leanann an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí chun cur leis an soláthar múinteoirí sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile araon, ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí.

Tá ionadaíocht ag an gComhairle ar an nGrúpa Stiúrtha, ar a Ghrúpa Forfheidhmithe, agus ar thrí cinn de na ceithre ghrúpa oibre atá bunaithe, eadhon, an Grúpa Oibre Cumarsáide, Ardoideachais agus Sonraí.

Thug an Grúpa Oibre Cumarsáide atá faoi chathaoirleacht Stiúrthóir na Comhairle, faoi phróiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara go léir ar an bPlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí. Tionóladh an dara fóram náisiúnta comhairliúcháin i mí na Bealtaine 2019 agus tionóladh an tríú fóram náisiúnta comhairliúcháin i mí na Samhna 2019. Chomh maith leis sin, bhí an dara babhta de chúig ghrúpa fócais réigiúnacha le múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí, tuismitheoirí agus príomhoidí ar tí tosaigh i Márta na bliana 2020, ach mar gheall ar phaindéim Covid-19, áfach, cuireadh siar iad go dtí go bhfógrófar a mhalairt. Cuireadh siar go sealadach freisin an phleanáil don cheathrú fóram náisiúnta comhairliúcháin.

Áiríodh ar ghníomhartha eile ón ngrúpa, freastal ar aontaí gairme agus earcaíochta, níos mó rannpháirtíochta le heagraíochtaí teoracha agus le comhairleoirí gairmtheoracha réigiúnacha, tacú le seoladh tairseach SubSeeker, leanúint le feachtas bolscaireachta, Déanann Múinteoireacht Athrú le fógraí spriocdhírthe á gcur ar an raidió, agus ar na meáin dhigiteacha agus sóisialta.

An ghairm a chur chun cinn

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid le páirtithe leasmhara chun na róil atá aici agus na freagrachtaí atá uirthi a mhíniú, chun cur le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir a cuid oibre, agus chun spreagadh a thabhairt dóibh tacú lena cuid iarrachtaí gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.

Le linn na bliana, thug an Chomhairle faoin méid seo a leanas:

- > Óstáil an seachtú imeacht bliantúil FÉILTE an Aoine, 27 Deireadh Fómhair agus Dé Sathairn, 28 Meán Fómhair 2019 in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.
- > Eisíodh 28 ríomhíris, lena n-áirítear, dhá fhíseán ríomhírise, le meán-ráta oscailte 38%.
- > Bhí níos mó ná dhá mhilliún amharc ar láithreán gréasán na Comhairle ó níos mó na 410,420 úsáideoir, agus 76.1% ar a gcéad chuairt.
- > Cuireadh 3,059 go dtí 30,600 ar an iomlán leis an lucht leanúna ar Twitter.
- > Tháinig ardú 1,149 go 7,458 ar lucht leanúna Facebook.
- > D'fhreastail ar líon comhdhála, seimineáir agus cruinnithe oideachais óstáilte ag páirtithe leasmhara, mar shampla, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) MGO 2 sheimineár taighde; European Prison Education Association (EPEA) díospóireacht; Cuairt toscairí ó Northeast Normal University, an tSín; Cruinniú Ceithre Náisiún (Comhairlí múinteoireachta na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann); Imeacht for-rochtana don Chlár Tacaíochta maidir le leasú Struchtúrach AE, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER); Comhdháil Oideachais Chumann Múinteoirí Éireann (INTO); Comhairliúchán maidir le Straitéis Taighde leis an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA); Cruinniú beartais maidir le E-InFo-TED sa Bhruiséil ar ról agus ar thábhacht oideoirí múinteoirí mar ghrúpa gairmiúil; Cuairt staidéir TAIEX maidir le Tógáil Líonraí Taighde le hInstitiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU); Ceannaireacht do Sheimineár Foghlama leis an NCCA; Comhdháil Bhliantúil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI); Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí; Rinne an Cheannaireacht Scoile Inbhuanaithe éascú ar dhíospóireacht le Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN); Cruinniú le Príomhoidí Comhlachtaí Comhbhainistíochta (JMB) agus cruinniú le hÉire Chruthaitheach maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí.
- > Cruinniú le múinteoirí faoi oiliúint sa bhliain deiridh den oideachas múinteoirí in 18 Institiúid Ardoideachais (HEIanna).

Caidreamh leis na meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus chun tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle rannpháirtíocht réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide agus tugann sí freagra ar cheisteanna ó na meáin. Le linn na bliana, eisíodh preasráitis agus ailt ar raon ábhar, lena n-áirítear, Painéil Soláthair agus Droichead, FÉILTE 2019, Folláine Múinteoirí, Ról Bunathraitheach Múinteoirí a Aithint, Fógra Athnuachana ar Líne, Iarratasóirí do Thoghcháin na Comhairle Múinteoireachta, FÉILTE 2020, Socrúcháin Scoile a raibh tionchar ag Covid-19 orthu, Scrúduithe Stát, Oifigí dúnta don Phobal mar gheall ar Covid-19, Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht, i measc tráchtairachtaí eile a cuireadh ar fáil.

FÉILTE

Bhí FÉILTE 2019 ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Aoine, 27 agus an Satharn an 28 Meán Fómhair. Bhí níos mó na 750 múinteoir agus daoine den phobal i láthair ag an imeacht, agus bhí 1,865 ag féachaint ar an imeacht ar líne. ‘Oideachas 360: Ag Foghlaim ó Dhaoine Eile’ a bhí mar théama agus atá laistigh de chuspóir uileghabhálach FÉILTE – an Teagasc a Chomhroinnt, a Fhoghlaim agus a Chónascadh. Bhí os cionn 46 taispeántas agus 12 ceardlann ar siúl (de réir téama) a chlúdaigh tionscadail ar fud na hearnála oideachais. Bhí siad sin go léir faoi stiúir múinteoirí a rinne léiriú ar an nuálaíocht sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim i scoileanna ar fud na tíre.

Cuireadh tús leis an imeacht Scéalta a Chomhroinnt san oíche Dé hAoine leis an oideachasóir idirnáisiúnta mór le rá, Andy Hargreaves. Lean comhráite grúpa an méid sin, lena n-áirítear, aitheasc agus rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil ón Aire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D. a bhí ann ag an am sin, ‘tá Bua ag na Múinteoirí’. Bhí togha na filíochta agus an cheoil le cloisteáil. Chuir sé sin deireadh le himeachtaí san oíche Dé hAoine agus bá léiriú sármhaith ar chur i láthair fial fáilteach a bhí ann ar FÉILTE 2019.

Is í Noelle Moran, Cathaoirleach na Comhairle Múinteoireachta a chur tús le himeachtaí maidin Dé Shathairn, le haitheasc oscailte, agus ina dhiaidh sin thug Andy Hargreaves spreagaitheasc. I gcomhrá le Tomás Ó Ruairc, thagair Andy Hargreaves do nádúr dearfach FÉILTE, agus leis an mbealach ina bhfuil an fhéile mar fhéile agus mar cheiliúradh seachas a bheith ina comhdháil oideachais. Ní amháin go raibh rannpháirtithe ag labhairt ach bhí cleachtadh á thaispeáint agus á chomhroinnt acu mar aon le fonn i leith feabhsúcháin.

Bhain an chéad phainéil díospóireachta le ‘Ceannairí sa Phobal’. Rinne Tomás Ó Ruairc éascú ar an gcomhrá thart ar an bpáirt thábhachtach atá á imirt ag ceannairí sa phobal i saol na ndaltaí. Bhain an dara Painéal Díospóireachta le ‘Oideachas Ionchuimsitheach’. Cuireadh tús leis sin le haitheasc ón Dr Finn Ó Murchú, Ceann Scoil an Oideachais, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, agus bhí díospóireacht le painéalaithe ina dhiaidh sin.

Bhí raon Cruinnithe ar siúl freisin a chuir deis ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí chun líonrú agus foghlaim ón chéile. Chomh maith le Cruinnithe Múinteoirí agus Cruinnithe Taighde, tugadh cuireadh do lucht féachana na múinteoirí faoi oiliúint Cruinniú Mic Léinn a reáchtáil, bhí painéal de mhúinteoirí nuacháilithe agus do phríomhoidí i gceist anseo. Reáchtáladh Cruinniú Ceannaireachta freisin chun ceannairí agus chun daoine ar mhaith leo a bheith ina gceannairí sa phobal scoile a éascú chun teacht le chéile agus aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus ar na dúshláin atá i ndán do phobail scoile. Reáchtáladh Cruinniú Bricfeasta den chéad uair riamh maidin Dé Sathairn agus thug sé seo an deis do na daoine a bhí ag freastal dul i mbun líonraithe roimh an aitheasc oscailte.

Thug an tsiamsaíocht agus an bia a bhí ar fáil ar feadh an lae an deis do na daoine a bhí i láthair sos a ghlacadh, comhrá a bheith acu agus taitneamh a bhaint as an fhéile ar a gcaoithiúlacht. Nuair a tugadh na comhráite painéil chun críche, chuir Tomás Ó Ruairc, Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, clabhsúr ar FÉILTE 2019.

Páipéir agus foilseacháin

Mar chuid de thionscnamh breise le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, cuireann Stiúrthóir na Comhairle páipéir i láthair go rialta maidir le saincheisteanna a bhaineann le hobair na Comhairle, lena mbíonn baint ag raon leathan páirtithe leasmhara, múinteoirí, tuismitheoirí agus an pobal níos leithne, lena n-áirítear, iad seo a leanas:

- Seimineáir gréasáin ar ábhair éagsúla;
- Eagraíochtaí a chuireann folláine foriomlán chun cinn, lena n-áirítear comhdhála a dhíríonn ar fholláine múinteoirí. Imeachtaí a chuireann taighde chun cinn atá eagraithe ag múinteoirí agus do mhúinteoirí;
- Comhairliúchán chun comhairle a chur ar fáil do dhréacht-Straitéis Taighde an NCCA;
- Spreagaitheasc ó Stiúrthóir na Comhairle ag Comhdháil Taighde Bliantúil Chósta an Oirdheiscirt;
- Cur i láthair do mhic léinn MGO na dara bliana i UCC ó thaobh a gcuid tionscadal taighde maidir le socrúcháin scoile
- Seisiún eolais/cruinnithe páirtithe leasmhara maidir le Soláthar Múinteoirí;
- Cur i láthair ag Comhdháil an European Prison Association;
- Díospóireacht Painéil ar ‘Múinteoireacht in Éirinn’ ag Aonach Samhraidh do Chéimithe na hÉireann.

BEACONS (Oideachas Gníomhach a dhéanamh dár bPobal ar Scála Náisiúnta)

Tá próiseas uathúil maidir le tacaíocht a thabhairt do agus éascú a dhéanamh ar chomhráite ag leibhéal áitiúil i measc daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí agus an pobal scoile níos leithne á fhiosrú ag an gComhairle. Déantar iarracht le BEACONS, a bhfuil a choincheapa cruthaithe go rathúil aige ar scála beag, cur le pobail scoile níos láidre trí níos mó comhráite agus comhráite níos fearr idir na daoine go léir atá bainteach le hoideachas.

Tionóladh cúig imeacht idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. Áiríodh orthu sin, imeacht tionscnaimh agus fiosraithe in Inis Díomáin, Contae an Chláir, imeacht i mBealach Conglais, Co. Chill Mhantáin agus i Lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath Thoir Thuaidh. Tionóladh an chéad imeacht riamh ar théama BEACONS, a bhí dírithe go sonrach ar Oideachas Ionchuisitheach, in Inis i gContae an Chláir freisin. Tionóladh imeacht ar fhoghlaim chomhroinnte i mí na Nollag 2019, in oifigí na Comhairle, áit ar tháinig rannpháirtithe ó imeachtaí roimhe seo le chéile le comhlachtaí náisiúnta páirtithe leasmhara chun a gcuid smaointe agus a gcuid foghlama a chomhroinnt.

Sa bhliain 2019, bhí BEACONS ar cheann de na 18 tionscadal a bhain maoiniú amach ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí.

Táthar ag leanúint le hullmhúchán d'imeachtaí eile leis an fhéidearthacht fiosrú a dhéanamh maidir le BEACONS a chur ar líne mar gheall ar Covid-19.

Áirítear an méid seo a leanas sna ráitis a rinne an Chomhairle le linn na bliana tuairiscithe:

| Mí | Ráiteas |
|--------------------------|---|
| Aibreán 2019 | Ráiteas na Comhairle Múinteoireachta ar Phainéil Soláthair agus ar Droichead |
| Lúnasa 2019 | Seolann an Chomhairle Mhúinteoireachta FÉILTE 2019 |
| Meán Fómhair 2019 | An Chomhairle Mhúinteoireachta le Ról Bunathraitheach na Múinteoirí a aithint |
| Feabhra 2020 | Iarratasóirí do Thoghcháin na Comhairle Múinteoireachta Elections |
| Feabhra 2020 | An Chomhairle Mhúinteoireachta ag athrú fógraí athnuachana ar líne |
| Márta 2020 | Covid-19 ag cur as do shocrúcháin scoile |
| Márta 2020 | Ráiteas maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí agus Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Mhúinteoireachta |

Múinteoirí faoi oiliúint a chur in aithne don Chomhairle Mhúinteoireachta

Gach bliain, cuireann an Chomhairle pacáiste MNC ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna) chun gach ní is gá a bheith ar eolas ag múinteoirí faoina gclárú gairmiúil leis an gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar fáil. Tugann comhaltaí foirne na Comhairle faoi chuairt ar an láthair do mhúinteoirí faoi oiliúint ina mbliain deiridh dá gcuid staidéir i ngach Institiúid Ardoideachais chun an próiseas clárúcháin agus riachtanais ar nós grinnfhiosrúcháin a mhíniú

As na 19 cuairt sceidealaithe tugadh sé cinn chun críche le linn na bliana tuairiscithe. Cuireadh siar na cuairteanna a bhí fanta mar gheall ar shrianta Covid-19 agus cuireadh an t-eolas ar fáil do na múinteoirí faoi oiliúint agus úsáid á bhaint ar ardán ar líne na HEIanna. Chomh maith le pacáiste MNC, rinneadh físeán a fhorbairt agus a scaipeadh freisin chun tacú le próiseas clárúcháin na MNCanna.

Láithreán gréasáin

Bhí beagnach dhá mhíliún (1,976,863) amhairc leathanaigh ar láithreán gréasáin na Comhairle ó níos mó ná 410,420 úsáideoir le linn na bliana tuairiscithe, agus ba chuartheoirí den chéad uair a bhí in 76% acu sin.

Gaeilge

Forálann an Chomhairle go sonrach do sheachadadh a cuid seirbhísí i nGaeilge, faoi threoir fhoráil Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Cuirtear foilseacháin agus ríomhirisí na Comhairle ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge de ghnáth. Maidir le gach comhfhreagras i nGaeilge a fuarthas i gcaitheamh na bliana, ar ríomhphost, sa phost nó mar ghlaog gutháin, d'fhéach an Chomhairle chuige gur cainteoir Gaeilge a thug freagra air.



8 Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chothabháil

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta eagraíocht atá éifeachtach agus éifeachtúil a réachtáil.

Airgeadas

Sheas caiteachas na Comhairle ag €7.59 milliún don bhliain airgeadais 2019, ardú de €0.1 milliún i gcomparáid leis an mbliain 2018. Bhí leibhéal níos airde foirne chun tacú le feidhmeanna breise agus ardú ar líon na gcláraithe mar chúis leis an ardú ar chostais. Rinne caiteachas níos ísle ar thaighde é sin a fhritháireamh de bheagán.

Ba €7.62 milliún ioncam na Comhairle (ús agus glanioncam cíosa lúide cáin san áireamh), ardú de €0.54 milliún i gcomparáid leis an mbliain 2018. Léirítear an t-ardú ar líon na múinteoirí atá ar an gClár san ardú chomh maith le feidhmíocht láidir punann infheistíochta na Comhairle agus an chéad bhliain bainte amach ag an bpunann.

Chuir straitéis stuama airgeadais a bhí á leanúint, chomh maith le fócas leanúnach ar rialú costais ar chumas na Comhairle a cuid cuspóirí uailmhianacha a leanúint agus a chinntiú ag an am céanna go raibh cothabháil á dhéanamh ar tháillí clárúcháin ag a leibhéal reatha, an leibhéal céanna le blianta beaga anuas.

D'fheidhmigh punann infheistíochta na Comhairle go láidir le linn na bliana 2019. Bhí tionchar ag margaí luaineacha mar thoradh ar an bpaindéim domhanda ar fheidhmíocht sa chuid deiridh den bhliain tuairiscithe. Cé go bhfuiltear ag súil go leanfaidh an luaineacht ar feadh tamall eile, bhí cor chun feabhais ar fhás le cúpla mí anuas. Tá léargas fadtéarmach a ghlacadh ag an gComhairle i leith na punainne agus níl an Chomhairle róbhuartha mar gheall ar an luaineacht ghearrthéarmach.

Acmhainní Daonna

Cheadaigh an Chomhairle Plean Fórsa Saothair (2018 – 2020) de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Thángthas ar an gcinneadh sa phlean, a rinne iniúchadh ar imlonnú agus ar úsáid acmhainní daonna i gcomhthéacs raon feidhmeanna reachtúla na Comhairle, go mbeidh acmhainní foirne breise riachtanach ar mhaithe le príomhfheidhmeanna reachtúla a dhéanamh go héifeachtach.

- > Tar éis athbhreithniú seachtrach, cheadaigh an Chomhairle an plean agus cuireadh an plean faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun cead a fháil le 10 gcomhalta foirne breise a earcú. Thug an Chomhairle faoi thrí chomórtas earcaíochta ar ghráid Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus bunaíodh painéil chun folúntais a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn. Líonadh na poist bhreise seo sa bhliain 2020 trí phróisis earcaíochta inmheánach agus seachtrach.

Leanann an fheidhm seirbhísí bainistíochta ag feidhmiú mar chuid d'acmhainn bhreise don Chomhairle, agus soláthraíonn an fheidhm seo seirbhís freagartha glaonna agus riarachán líne tosaigh. Cuireann sé sin ar chumas na Comhairle acmhainní foirne a mheaitseáil le luaineacht san éileamh a bhíonn ar sheirbhísí.

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Cuireadh tuilleadh feabhais le linn na bliana ar athshlánú ó thubaiste agus ar shocruithe leanúnacha gnó agus aistríodh iarratais bhreise chuig an gcóras néal. Láidríodh an fhoireann TFC trí chomhalta foirne breise a earcú. Leanadh leis an mbéim ar shocruithe slándála tráth ar tugadh faoi athbhreithniú ar shlándáil TF i ndeireadh na bliana 2019.

Chuir briseadh amach den ráig de Covid-19 fócas láidir ar bhonneagar TF na Comhairle agus ar chumas an chórais ó thaobh tacú le cianobair. Bhí ról lárnach ag an roinn TF ó thaobh a chinntiú gur leanadh le hobair na Comhairle le linn na géarchéime.

Cuireadh tús le hobair ar thionscadal straitéiseach le cur in ionad an bhunachair sonraí clárúcháin. Cuirfidh an córas nua, nuair a bheidh sé críochnaithe i dtús na bliana 2021, treallús faoi éifeachtúlachtaí suntasacha agus faoi spáráil airgid agus beidh seirbhís níos fearr do chustaiméirí mar thoradh air.

Rialachas corparáideach

Ar feadh na bliana lean an Chomhairle le clár oibre chun comhlíonadh fhorálacha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) a chinntiú.

Rinne an Chomhairle forbairt agus chuir Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm le linn na bliana a chuir próiseas bainistíochta riosca ar bhonn foirmiúil agus a chuir feabhas air. Láidríodh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tráth ar earcaíodh dhá chomhalta seachtracha a thugann saineolas agus taithí shuntasach ábhartha chun an Choiste.

Bunaíodh Grúpa Oibre maidir le Cód Cleachtais i mí na Nollag 2019 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chód Cleachtais na Comhairle. Lean an Grúpa oibre lena chuid cruinnithe i dtús na bliana 2020 ach cuireadh moill ar a chuid oibre mar gheall ar phaindéim Covid-19. Tá an Grúpa Oibre meáite ar leanúint leis an obair seo agus leis an gCód leasaithe a chur faoi bhráid na Comhairle lena cheadú in am trátha.

Cosaint Sonraí

Mar an comhlacht um chaighdeán ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta, leanann an Chomhairle le hardchaighdeán i gcleachtais cosanta sonraí a chur chun cinn agus glacann an Chomhairle go lándáiríre lena cuid freagrachtaí agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aici ag teacht leis an reachtaíocht cosanta sonraí, lena n-áirítear, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Déanann an Chomhairle athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar a cuid cleachtais go léir sa chás go mbíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil chun comhlíonadh iomlán leis an reachtaíocht cosanta sonraí a chinntiú agus tá feabhas curtha ag an gComhairle ar fheasacht i measc na foirne ar phrionsabail cosanta sonraí agus ar shonraí a chosaint.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar Bheartas agus ar Fhardail Coimeádta agus Próiseála na Comhairle ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh reachtaíochta agus dea-chleachtas ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí cuí a sheachadadh. Sa bhreis air sin, cinntíonn an Chomhairle go bhfuil comhaontuithe láidre próiseála i bhfeidhm leis na soláthróirí go léir a phróiseálann sonraí pearsanta.

I Márta 2020, bhraith Foireann TF na Comhairle iarracht neamhúdaraíthe ó fhoínse seachtrach chun líon beag cuntais ríomhphoist a rochtain de bhun ríomhphost fioscaireachta.

Cuireadh na ríomhphoist ar aghaidh go huathoibríoch chuig an fhoínse seachtrach ar feadh tamall gearr mar gheall ar an ionsaí fioscaireachta. Tugadh faoi anailís mionsonraithe i gcomhair le soláthróir seachtrach agus fuarthas amach go raibh tionchar ag an ionsaí ar 323 ríomhphost, agus bhí dhá scarbhileog i gceann de na ríomhphoist sin ina raibh mionsonraí clárúcháin líon múinteoirí cláraithe. Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta thar a bheith buartha faoin ábhar seo agus faoi shlándáil sonraí agus tá an Coimisinéir Cosanta Sonraí curtha ar an eolas.

Chomh maith leis sin, rinne an Chomhairle teagmháil leis na daoine aonair go léir a raibh a gcuid ainmneacha ar an scarbhileog chun iad a chur ar an eolas maidir leis an gcás. Tugadh comhairle do dhaoine aonair a raibh tionchar aige orthu nach dóigh go raibh aon bhaol ann ó thaobh bagairt slándála ach gur chóir dóibh a bheith airdeallach má fhaigheann siad aon ríomhphoist amhrasach nó iarratais i scríbhinn ó thríú páirtithe anaithnid agus gur chóir dóibh aitheantas aon tríú páirtithe anaithnid a dheimhniú sula nochtann siad sonraí pearsanta.

Chuir an Coimisinéir Cosanta Sonraí tús le Fiosrúchán maidir leis an ábhar ina dhiaidh sin agus tá an Fiosrúchán sin ag dul ar aghaidh i gcónaí agus tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag comhoibriú go hiomlán leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí maidir leis seo. Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi athbhreithniú cuimsitheach maidir leis an ábhar seo.

Saoráil faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2014. Fuair an Chomhairle 10 n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise (FOI) le linn na bliana.

Tionscadal Athsholáthair an Bhunachair Sonraí Clárúcháin

Leanadh leis an Tionscadal Athsholáthair ar Bhunachair Sonraí Clárúcháin ar feadh na bliana tuairiscithe 2019/2020. Baineann an tionscadal seo le hathsholáthar córas bunachair sonraí clárúcháin reatha na Comhairle.

Lean soláthar do dhíoltóir córas athsholáthair bunachair sonraí clárúcháin tar éis rialacha soláthair na seirbhíse poiblí a leanúint agus tar éis díoltóir rathúil a roghnú, cheadaigh an Chomhairle an díoltóir i mí na Nollag 2019.

Cuireadh tús le feidhmiú an chórais nua i mí Eanáir 2020 agus leanfar leis ar feadh na bliana 2020 agus rachaidh an córas amach beo i Ráithe 1, 2021.

Cuirfidh an córas nua treallús faoi éifeachtúlachtaí suntasacha agus faoi spáráil costais agus beidh seirbhís níos fearr do chustaiméirí mar thoradh air. Beidh tairseach nua agus feabhsaithe féin-seirbhíse á fheiceáil ag múinteoirí agus ag iarratasóirí a chuirfidh an deis ar fáil le haghaidh clárúcháin ar líne agus le haghaidh iarratais ar ghrinnfhiosrúcháin.

Ombudsman

Fuair an Chomhairle fiosrúchán amháin ó Oifig an Ombudsman maidir le gearáin a chuir múinteoir isteach maidir le cúrsaí clárúcháin. Chuir an Chomhairle an t-eolas iomchuí ar fad agus an soiléiriú a iarradh ar fáil. Tháinig an tOmbudsman ar ais leis an toradh ‘nár seasadh leis an ngearán’ le linn na chéad tréimhse tuairiscithe eile.

Aguisíní

Aguisín 1 Na Ráitis Airgeadais

Aguisín 2 Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

Aguisín 3 Coistí agus painéil

Aguisín 4 Costais chomhaltaí na Comhairle 2019

Aguisín 1

Ráitis Airgeadais na Comhairle Múinteoireachta

Cathaoirleach:

Noelle Moran

Leas-Chatthaoirleach:

Seán McMahon

Comhaltaí na Comhairle:

Asiya Al-Tawash

Sinead Brett

(ceaptha an 10 Aibreán 2019)

Geoffrey Browne

Elizabeth Cooney

Catherine Cross

(ceaptha an 14 Lúnasa 2019)

Michael Delargey

Karen Devine

Brendan Doody

Catherine Doolan

Niall Duddy

Patricia Duffy

Peter Finnegan

Pat Gilmore

Mairéad Glynn

(d'éirigh as an 16 Nollaig 2019)

Colm Harte

John Holian

Ferdia Kelly

(d'éirigh as an 16 Nollaig 2019)

Mary Kelly

Gregor Kerr

Gerry Leydon

Máire Lineen

Denis Magner

Dr. Anthony Malone

Claire Markey

Prof. Marie McLoughlin

Seamus Mulconry

(d'éirigh as an 11 Márta 2019)

Dr. Melanie Ní Dhuinn

Deirdre O'Connor

Séamus O'Connor

Séamus Ó Fearraigh

Seán O'Neill

Gerry Quinn

Eamonn Shaughnessy

Tracie Tobin

Frank Turpin



Iniúcháirí

Crowleys DFK
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht
Iniúcháireachta Reachtúil
16/17 Faiche an Choláiste Baile
Átha Cliath 2

Seoladh Gnó

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Baincéirí

Banc na hÉireann
An Príomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Solicitors

Fieldfisher (Comhpháirtíocht
McDowell Purcell roimhe seo)
Dlíodóirí
Foirgneamh Chéipil
Mainistir Mhuire,
Baile Átha Cliath 7

Byrne Wallace Dlíodóirí
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Clár an Ábhair

| | |
|---|---------|
| Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle | 42 - 45 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 46 - 47 |
| Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha | 48 - 50 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 51 |
| An Clár Comhardaithe | 52 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Tirim | 53 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 54 - 60 |

Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht seo. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh faoi na saincheisteanna gnó go léir. Is é an Stiúrthóir/ Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treoir na Comhairle Múinteoireachta. Ní mór don Stiúrthóir/ Príomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta treoir straitéiseach leathan a leanúint atá leagtha síos ag an gComhairle, agus ní mór a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí go léir na Comhairle faoi na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus faoi aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach mar theagmhálaí díreach idir an Chomhairle agus bainistíocht na Comhairle Múinteoireachta.

Freagrachtaí na Comhairle

Tá dualgais agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach ina Cód Cleachtas ina bhfuil ábhair a choimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh na Comhairle. Áirítear ar mhíreanna seasta a bhreithníonn an Chomhairle:

- > Dearbhú leasanna
- > Ceadú miontuairiscí na gcruinnithe roimhe seo
- > Tuarascáil an Stiúrthóra
- > Tuarascálacha a fháil agus a bhreithniú ó choistí agus cinntí a dhéanamh sa chás gur cuí
- > Ábhair fhorchoimeáda

Ceanglaíonn Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 ar an gComhairle na cuntais go léir cuí agus gnácha agus taifid uile den airgead a fuarthas agus a caitheadh ar gach maoin, sócmhainn agus dliteanas na Comhairle a choimeád.

Éilítear ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais seo a n-ullmhú:

- > Beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- > Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh
- > Na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thiomhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó
- > A chur in iúl ar leanadh na caighdeáin chuntais infheidhme, faoi réir ag aon athruithe a bhaineann le hábhar a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais

Tá sé mar fhreagracht ar an gComhairle leabhair chúí chuntais a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn, ag tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtas chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus ionracas an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as na bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Breithníonn an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais na Comhairle Múinteoireachta amhail an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta déanta suas de 37 gcomhalta deonacha, mar seo a leanas:

- > Aon mhúinteoir déag bunscoile (naonúr díobh atá tofa agus beirt díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí)
- > Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile (seachtar díobh atá tofa agus ceathrar díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí)
- > Beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- > Beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- > Ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiar-bhunscoile)
- > Beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiar-bhunscoile) agus
- > Cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU)).

Ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse cheithre bliana. Féach ar an eolas faoin gComhairle ag tús na ráitis airgeadais le haghaidh mionsonraí faoin gComhairle reatha.

Tá na Coistí agus na Painéil seo a leanas bunaithe ag an gComhairle:

- > Coiste Feidhmiúcháin - a éascaíonn feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnó na Comhairle a réachtáil idir cruinnithe den Chomhairle.
- > Coiste Imscrúdaithe - is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe ar fhiosrú a dhéanamh maidir le feidhmiúlacht chun múineadh múinteora cláraithe.
- > Coiste Araíonachta - déanfaidh painéal den Choiste Araíonachta éisteacht ar ghearán atá curtha ar aghaidh ag an gCoiste Imscrúdaithe chuige a stiúradh.
- > Coiste Clárúcháin - a chuireann comhairle ar an gComhairle agus a dhéanann moltaí i ngach réimse a bhaineann le clárú múinteoirí.
- > Coiste Oideachais - atá freagrach as moltaí a dhéanamh don Chomhairle ar bheartais a bhaineann le leanúntas oideachais múinteoirí.
- > Coiste Airgeadais – a dhéanann maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.
- > Coiste Iniúcháireachta agus Riosca – a dhéanann monatóireacht ar an gcóras um rialú inmheánach laistigh den eagraíocht agus a bhainistíonn riosca.
- > Grúpa athbhreithnithe Clárúcháin - Suíonn an Coiste Clárúcháin mar an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin i gcásanna ina bhfuil múinteoirí míshásta leis an toradh a bhí ar chinneadh a rinne painéal agus ina n-iarrann siad athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad chinneadh.
- > Painéal Clárúcháin - atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar aon saincheisteanna a bhaineann le clárú múinteoirí, ar nós síneadh ama a bhronnadh orthu siúd a bhfuil clárú coinníollach acu.
- > Painéal Fianaise ar Charachtar - a dhéanann measúnú ar an bhfianaise ar charachtar d'iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Tá an Painéal freagrach freisin as measúnú a dhéanamh ar dhaoine a bheith cuí agus oiriúnach mar chuid den phróiseas athnuachana ar chlárú.
- > Painéal Cáilíochtaí - a dhéanann measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla na n-iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

Nochtadh atá riachtanach sa Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“An Cód”). Tá an nochtadh seo a leanas riachtanach faoin gCód:

Costais Comhairliúcháin

Clúdaíonn costais comhairliúcháin costais na comhairle seachtraí don bhainistíocht ach ní chlúdaíonn “gnáthfheidhmeanna” seachfhoinsithe.

| | 2019 € | 2018 € |
|---|----------------|----------------|
| Comhairle Dlí | 79,278 | 82,876 |
| Riarachán Pinsean | 16,429 | 15,690 |
| Pleanáil Straitéiseach (lena n-áirítear, Straitéis TF) | - | 8,312 |
| Soláthar | - | 3,659 |
| Rialú Inmheánach & iniúchadh inmheánach | 14,391 | 9,504 |
| Cumarsáid | 78,756 | 79,229 |
| TFC | 7,503 | 37,714 |
| Acmhainní Daonna | 5,535 | 22,464 |
| Bainistíocht Tionscadal (Tionscadal athsholáthar Bunachar Sonraí Clárúcháin) | 53,201 | 52,250 |
| Bainistíocht Infheistíochta | 17,938 | - |
| | <u>273,031</u> | <u>311,698</u> |

Costais Dlí Eile

| | 2019 € | 2018 € |
|-------------------------------------|----------------|----------------|
| Costais Dlí – Clárúchán | 293,474 | 231,347 |
| Costais Dlí – Caighdeáin Ghairmiúla | 362,143 | 381,122 |
| | <u>655,617</u> | <u>612,469</u> |

Caiteachais Taistil & Cothabhála

| | 2019 € | 2018 € |
|--------------------------------|----------------|----------------|
| Intíre | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 146,244 | 137,381 |
| - Comhaltaí Foirne | 62,109 | 58,992 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 1,273 | 988 |
| - Comhaltaí Foirne | 10,383 | 13,027 |
| | <u>220,009</u> | <u>210,388</u> |
| Caiteachas Fáilteachais | | |
| | 2019 € | 2018 € |
| Leas Comhaltaí Foirne | <u>1,239</u> | <u>6,583</u> |

Sa bhliain 2018 cuireadh scagthástáil ó thaobh sláinte ar fáil do chomhaltaí foirne na Comhairle.

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016) glactha ag an gComhairle agus táthar ag cur nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh iomlán a chinntiú sa bhliain 2020. Le linn na bliana 2017, thug an Chomhairle faoi anailís bhearna leis na réimsí nach mór aghaidh a thabhairt orthu a aithint. Tugadh aghaidh ar a bhformhór seo sa bhliain 2019. Baineann an obair atá ag seasamh amach le riachtanais seirbhísí do chustaiméirí.

Forbairtí Amach Anseo

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint lena chuid gníomhaíochtaí reatha. Chuir an Chomhairle tús le próiseas forbartha le haghaidh Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, atá le tabhairt chun críche sa bhliain 2020.

Leabhair Chuntais

Tá an Chomhairle freagrach, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, as leabhair chúí chuntais a choimeád a chuirfidh eolas réasúnta cruinn a fháil ag tráth ar bith, maidir le staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

Iniúcháirí

Ceapadh Crowleys DFK (Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil) mar iniúcháirí agus tá sé curtha in iúl acu go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh mar iniúcháirí.

Gnóthas Leantach

D'ullmhaigh comhaltaí na Comhairle na buiséid agus an sreabhadh airgid do thréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ó ceadáid na ráitis airgeadais a léiríonn nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na heagraíochta a cuid dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, breithníonn comhaltaí na Comhairle go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, ní áiríonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha agus do rangú sócmhainní agus dliteanais a d'fhéadfadh eascairt sa chás nach mbeadh sé ar chumas na heagraíochta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Comhardaithe

Tar éis deireadh na bliana airgeadais, scaip víreas Covid-19 ar fud an domhain. Mar a chéile le go leor tíortha eile, d'eisigh Rialtas na hÉireann treoir agus srianta maidir le gluaiseacht daoine a bhí leagtha amach le moill a chur ar scaipeadh an víris seo. I lár mhí an Mhárta 2020, dhún go leor eagraíochtaí go deonach agus ar feadh na míosa cuireadh níos mó srianta ar dhaoine agus ar ghnólachtaí. An 28 Márta, tugadh treoir do na gnólachtaí 'neamhriachtanacha' go léir dúnadh síos go sealadach. Mar thoradh air sin, dúnadh oifigí na Comhairle don phobal agus tá formhór na bhfostaithe ag obair ón mbaile.

I bhfianaise na n-imeachtaí seo, tá measúnú déanta ag comhaltaí na Comhairle ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an eagraíocht ó thaobh airgeadais agus creideann siad go mbaineann an nochtadh is mó le luacháil punann infheistíochta na heagraíochta. B'ionann agus €12.35m luacháil na punainne ag deireadh na bliana. Idir an dá linn, bhí luaineacht shuntasach sa luacháil seo mar thoradh ar na margáí domhanda a bheith trí chéile. Amhail 30 Meitheamh 2020, sheas luach na punainne ag €12.09m. Breithníonn an Chomhairle an phunann mar infheistíocht fadtéarmach agus táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an luacháil le himeacht ama.

Mar gurbh é tuairim chomhaltaí na Comhairle gur imeachtaí neamhchoigeartaithe atá sna himeachtaí thuas, níl coigeartú déanta ar thorthaí airgeadais na heagraíochta ó thaobh an tionchar a bhí ag na himeachtaí sin ar an eagraíocht ó dháta an chláir comhardaithe.

Ráiteas maidir le hEolas Iniúchta Ábhartha

Níl aon eolas iniúcháireachta ábhartha ann nach bhfuil na hiniúcháirí ar an eolas faoi. Ghlac comhaltaí na Comhairle na céimeanna go léir ba chearta a bheith tógtha acu chun iad féin a chur ar an eolas maidir le haon eolas iniúcháireachta reachtúil agus tá sé aitheanta acu freisin go bhfuil tuiscint ag na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas sin.

Thar ceann na Comhairle

Seán McMahon

Cathaoirleach

Dáta: 13 Iúil 2020

Tomás Ó Ruairc

Stiúrthóir

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip Freagrachta

Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadh go cuí, agus go bhfuil cosc á cur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó iad a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá i gcomhréir leis an Treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráitis airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Le linn na bliana 2019, bhí Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a raibh cúigear comhalta de chuid na Comhairle agus beirt chomhalta seachtracha. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain 2019.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a feidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinníú a mbíonn acmhainní sásúla aige agus a réachtálann clár oibre atá comhaontaithe leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Tá forbairt déanta ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar Bheartas Bainistíochta Riosca ina leagtar amach inghlachtacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus mionsonraí róil agus freagrachtaí na foirne i leith riosca.

Creat um Riosca agus Rialú

Tá clár bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a aithníonn agus a thuariscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí atá á nglacadh ag an mbainistíocht le haghaidh a thabhairt chomh maith agus is féidir ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá i ndán don Chomhairle Mhúinteoireachta agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir chomh tábhachtach agus atá siad. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gclár agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí ar an gclár riosca de na rialuithe agus gníomhartha atá ag teastáil le rioscaí a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá taifeadh déanta de na nósanna imeachta do na príomhphróisis gnó uile
- Tá freagrachtaí airgeadais leagtha síos ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadach i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar na nósanna caiteachais ar bhonn míosúil

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear, treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údarú arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a cheadú
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní fisiciúla agus ionracas na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chosaint

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe agus cuirtear iad in iúl go pras dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Chomhairle, más cuí. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh na próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus le tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh atá aitheanta
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais leagtha síos, agus
- Rinne an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht mhíosúil agus bliantúil agus ar thuairiscí airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcoinne an bhuiséid

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta leis an gcomhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chloígh an Chomhairle Mhúinteoireachta leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2019.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gComhairle Mhúinteoireachta le monatóireacht a dhéanamh ar a bainistíocht riosca agus nósanna imeachta um rialú. Cuireann obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais inmheánach, le monatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle Múinteoireachta ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú airgeadais inmheánach.

Saincheistanna um Rialú Inmheánach

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019.

Thar ceann na Comhairle

Seán McMahon
Cathaoirleach

Dáta: 13 Iúil 2020

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha ar iniúchadh na ráitis airgeadais

An Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 a chuimsíonn Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Tirim agus na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear, achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná an creat a bhfuil glactha leis i ndlí na hÉireann agus FRS 102 “na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”.

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais léargas:

- › fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na heagraíochta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar críoch an lá sin;
- › go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir FRS 102 “na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”; agus
- › go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir cheanglais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001.

Bunús na Tuairime

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) (Éire) agus an dlí is infheidhme. Déantar tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin seo i bhfreagrachtaí an Iniúchára as iniúchadh a dhéanamh ar chuid na ráiteas airgeadais den tuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gComhairle de réir ceanglais eiteiciúla atá ábhartha ó thaobh ár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear, an Caighdeán Eiteiciúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta in Éirinn (IAASA), agus tá na freagrachtaí eiteiciúla eile á gcomhlíonadh againn de réir na gceanglas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí le bunús ár dtuairime a sholáthar.

Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na hábhair seo a leanas a bhfuil dualgas orainn de réir CII (Éire) iad a thuairisciú duit, sa chás:

- › nach bhfuil úsáid bonn gnóthas leantach cuntasaíochta comhaltaí na Comhairle in ullmhú na ráiteas airgeadais cuí; nó
- › níl aon neamhchinnteachtaí aitheanta nochta ag comhaltaí na Comhairle sna ráitis airgeadais a d’fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na Comhairle leanúint le bonn gnóthas leantach a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Eolas eile

Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn eolas eile, eolas atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil lasmuigh de na ráitis airgeadais agus de Thuarascáil an Iniúchára. Inár dtuairim ní chlúdaíonn an t-eolas eile agus, seachas sa mhéid go luaitear go follasach é inár dtuarascáil, ní léirímid aon chineál conclúid dearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais, tá sé mar fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh, agus sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh cibé a bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó maidir leis an eolas atá faighte againn san iniúchadh, nó seachas sin go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha nó míráitis ábhartha den sórt sin, ceanglaítear orainn cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha maidir leis an eolas eile. Má, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtagaimid ar an gcinneadh go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist leis an eolas eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis sin.

Ábhair a thuairiscítear trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gComhairle agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhírítis ábhartha aitheanta againn sa Ráiteas Rialachais nó i dTuarascáil Chomhaltaí na Comhairle.

Freagrachtaí ar leith

Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos mionsonraithe sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad tuairim atá fíor agus cothrom agus as rialú inmheánach den sórt sin a mheasann siad a bheith riachtanach leis an gcumas a chur ar fáil ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, mar is infheidhme, ábhair a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bonn gnóthas leantach cuntasaióchta mura mbíonn sé i gceist ag an mbainistíocht an Chomhairle a leachtú nó scoir de bheith ag feidhmiú nó nach bhfuil aon rogha eile ann ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí na n-iniúcháirí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais

Tá dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó mar gheall ar earráid, agus Tuarascáil an Iniúcháir a eisiúint, ina n-áirítear ár dtuairim, ar na cuspóirí atá againn. Is ionann dearbhú réasúnach agus dearbhú ardleibhéil, ach ní ionann é agus ráthaíocht go mbeidh míráiteas ábhartha á bhrath i gcónaí ag iniúchadh a dhéantar de réir CII (Éire) sa chás go mbíonn a leithéid ann. D'fhéadfadh míráitis eascairt as calaos nó as earráid agus breithnítear iad a bheith ábhartha má, go haonar nó go comhiomlán, agus go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a thógtar ar bhonn na ráitis airgeadais seo.

An cuspóir atá leis an obair iniúchta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Tugadh faoin obair iniúcháireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a chur in iúl dóibh i dTuarascáil an iniúcháir agus ní ar mhaithe le haon chríoche eile. A mhéid is mó a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, as an obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

Natalie Kelly

do agus thar ceann

Crowleys DFK

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil

16/17 Faiche an Choláiste

Baile Átha Cliath 2

Dáta: 13 Iúil 2020

Aguisín maidir le Tuarascáil na nIniúcháirí Inmheánacha

Tuilleadh eolais maidir le scóip ár bhfreagrachtaí mar iniúcháirí

Mar chuid d'iniúchadh de réir (ISAnna) (Éire), cleachtaimid breithiúnas gairmiúil agus coimeádaimid amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh againn:

